
# Múinteoir Domhanda

Acmhainn teagaisc traschuraclaim maidir le
forbairt dhomhanda don Idirbhliain



Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade





# Clár na nÁbhar


**Brollach** 1

**Réamhrá** 2

**Sreabhchairt comhtháite** 3

**Ag baint úsáide as an bpacáiste grianghraf** 4

**Déileáil le ceisteanna atá íogair nó conspóideach** 5

**Cuid 1: Ceachtanna cás-staidéar** 7

Ceacht 1 - Slándáil bhia 1 8
*Stair agus Béarla*

Ceacht 2 - Slándáil bhia 2 14
*Tíreolaíocht*

Ceacht 3 - Inscne agus Forbairt 22
*Reiligiún agus Tíreolaíocht*

Ceacht 4 - Athrú Aeráide agus Forbairt 32
*Tíreolaíocht agus Matamaitic*

Ceacht 5 - VEID agus SEIF 40
*Bitheolaíocht agus Creideamh*

**Cuid 2: Oideachas forbartha ar an toirt** 49

Gníomhaíocht 1 - Crosfhocal 50
*Tíreolaíocht*

Gníomhaíocht 2 - Díospóireacht ghluaisteach 54
*Tíreolaíocht agus Béarla*

Gníomhaíocht 3 - Tráth na gCeist 58
*Tíreolaíocht*

Gníomhaíocht 4 - Spriocanna Forbartha na Mílaoise a Chur i Láthair 62
*Tíreolaíocht*

Gníomhaíocht 5 - Póstaeir faoi Spriocanna Forbartha na Mílaoise 64
*Ealaín*


**San áireamh sa phacáiste seo tá**

- Postaer/Léarscáil an Domhain faoi Spriocanna Forbartha na Mílaoise
- 12 chárta grianghraf A4
- CD-ROM
- Leabhar an Mhúinteora


**Buíochas**

- Rowan Oberman agus Cathy Roche a scríobh an pacáiste seo.
- Táimid fíorbhuíoch do Mella Cusack, CDVEC CDU d'Annette Honan, ón gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus do na múinteoirí a thug comhairle dúinn.

# Brollach

Is cuma má rugadh muid i mbaile in Éirinn, i sráidbhaile san Afraic nó i gcathair mhór sraoilleála san Áise nó i nDeisceart Mheiriceá, is saoránaigh aon domhain amháin muid agus táimid ag brath ar a chéile. Tá naisc bhreise idir Éire agus tíortha eile an domhain de bharr breis taistil agus an dul chun cinn i dteicneolaíocht cumarsáide atá tarlaithe le scór bliain agus níos mó. Táimid go léir mar chuid de phobal domhanda atá á nascadh le chéile níos mó i gcónaí. Mar sin féin, is pobal é a bhfuil éagothroimí leanúnacha ann.

Is sna tíortha i mbéal forbartha is soiléire atá torthaí na n-éagothroimí sin le feiceáil agus is iontu is achrannaí atá siad. Déantar iniúchadh ar chuid de na dúshláin sin leis an acmhainn 'Múinteoir Domhanda'. Scéalta dóchais, scéalta faoi dhul chun cinn agus faoi dhaoine ag glacadh ceannais ar a bhfuil i ndán dóibh atá sna cás-staidéir atá sa phacáiste acmhainní seo freisin.

Tugann an troid i gcoinne an ocrais léiriú maith dúinn ar mhéid an dúshláin atá le sárú againn agus ar an dul chun cinn a d'fhéadfaí a dhéanamh dá n-oibreodh muintir an domhain go héifeachtach le chéile. In ainneoin an dul leis an mbochtaineacht chun cinn mór a rinneadh le dul i ngleic le bochtaineacht, tá suas le billiún daoine ann, nó an seachtú cuid de dhaonra an domhain, nach bhfuil go leor le hithe acu fós. Is é an aidhm atá leis na ceachtanna atá sa phacáiste acmhainní seo maidir le slándáil bhia ná breis tuisceana a thabhairt do na daltaí faoi ghéarchéim an ocrais ar fud an domhain, géarchéim atá ag éirí níos measa, agus an príomhról atá á ghlacadh ag Éirinn i measc na dtíortha atá ag déileáil léi. Bhí "An Gorta Mór" againn féin sa naoú haois déag agus ar an ábhar sin níl amhras ar bith ann go dtuigimid a phráinní is atá aghaidh a thabhairt ar scannal leanúnach an ocrais.

Is é Cúnamh Éireann clár cúnaimh oifigiúil na hÉireann, agus is cuid é den fhreagra a thugaimid ar an scéal. Tá Cúnamh Éireann ag dul i bhfeidhm ar shaol na ndaoine i gcuid de na pobail is boichte ar domhan. Déantar an obair thar ceann mhuintir na hÉireann i ndlúth-chomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí cúnaimh, misinéirí, pobail agus le Rialtais na dtíortha i mbéal forbartha. Rinne Coiste um Chúnamh Forbartha na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) athbhreithniú mór idirnáisiúnta ar chlár Chúnamh Éireann. Foilsíodh a thorthaí in 2009 agus dúradh ann go raibh clár Chúnamh Éireann 'ceannródaíoch'.

Ba chóir go mbeadh deis ag gach duine sa tsochaí, lena n-áirítear ár ndaoine óga a bheidh ina gcinnteoirí amach anseo, tuiscint níos fearr a fháil ar shaincheisteanna forbartha agus ar an ról tábhachtach atá ag Éirinn maidir le dul i ngleic le cúiseanna agus le hiarmhairtí an ocrais agus na bochtaineachta domhanda.

Tacaíonn an acmhainn seo le múinteoirí saincheisteanna mar ocras, VEID agus SEIF, an comhshaol, athrú aeráide agus cúrsaí rialachais a chíoradh lena gcuid daltaí. Tá na ceachtanna bunaithe ar chás-staidéir Chúnamh Éireann agus tá modheolaíochtaí gníomhacha rannpháirtíochta i gceist iontu chun smaointeoireacht chriticiúil agus rannpháirtíocht a chur chun cinn sa seomra ranga. Cuid lárnach de gach ceacht is ea forbairt príomhscileanna faoi mar a mhol an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

# Réamhrá

Is éard atá i 'Múinteoir Domhanda', atá curtha ar fáil ag Cúnamh Éireann, ná acmhainn teagaisc atá deartha sa chaoi go bhféadfaidh múinteoirí na hIdirbhliana é a úsáid ar bhealach traschuraclaim chun saincheisteanna forbartha domhanda a chur os comhair a gcuid daltaí.

Cuireann Clár na hIdirbhliana forbairt phearsanta, shóisialta, oideachais agus gairme na ndaltaí chun cinn agus ullmhaíonn sé iad dá ról mar bhaill neamhspleácha, rannpháirteacha agus fhreagracha na sochaí.[1] Tá aidhm fhoriomlán Chúnamh Éireann don oideachas forbartha leagtha amach ina Phlean Straitéise 2007-2011 agus comhlánaíonn agus déanann sí comhlánú ar mhisean na hIdirbhliana.

I gcás Chúnamh Éireann, is éard atá san oideachas forbartha ná "próiseas oideachasúil dírithe ar fheasacht agus tuiscint a spreagadh faoin domhan seo ina mairimid atá ag athrú go tapa, atá idirspleách agus nach bhfuil cothrom. Tá sé d'aidhm aige daoine a spreagadh chun anailís agus machnamh a dhéanamh agus beart a dhéanamh maidir le saoránacht áitiúil agus dhomhanda agus a bheith rannpháirteach trí chur ar chumas foghlaimeoirí an chaoi a bhfuil a saol agus saol na ndaoine sa domhan i mbéal forbartha nasctha le chéile a aithint."[2]
Má fhéachann múinteoirí chuige go mbeidh an t-oideachas forbartha ina dhlúthchuid den Chlár na hIdirbhliana, cabhróidh siad chun a ndaltaí a ullmhú dá ról mar bhaill de shochaí dhomhanda.

Soláthraíonn an acmhainn seo gléasanna le cabhrú le foghlaimeoirí tuiscint a fháil ar a gcearta agus ar a bhfreagrachtaí mar shaoránaigh dhomhanda, agus tuiscint a bheith acu faoi conas a d'fhéadfadh siad beart a dhéanamh chun domhan níos córa agus na cothroime a chruthú. Ag teacht le haidhm fhoriomlán agus le cur chuige na hIdirbhliana spreagann an acmhainn seo foghlaim ghníomhach trí réimse leathan modheolaíochtaí teagaisc agus foghlama a bheith mar chuid de na ceachtanna. I measc na modheolaíochtaí a úsáidtear sa 'Mhúinteoir Domhanda' tá:

- Rólghlacadh
- Díospóireacht
- Grúpobair
- Cleachtaí ionsamhlúcháin

Trí úsáid a bhaint as cás-staidéir, spreagtar na daltaí chun iniúchadh a dhéanamh ar shaincheisteanna amhail slándáil bhia, inscne agus forbairt, athrú aeráide agus VEID agus SEIF ar bhealach gníomhach rannpháirteach. Cuid lárnach de theagasc agus d'fhoghlaim na sraithe sinsearaí is ea forbairt na bpríomhscileanna agus tá sé d'aidhm leis na gníomhaíochtaí sa 'Mhúinteoir Domhanda' forbairt cúig phríomhscil an fhoghlaimeora rathúil ar leag an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) béim orthu a chur chun cinn. Is iad seo a leanas na scileanna sin:

- Dul i gcionn ar chúrsaí
- Smaoineamh ar bhealach criticiúil cruthaitheach
- Cumarsáid a dhéanamh
- Faisnéis a phróiseáil
- Oibriú i gcomhar le daoine eile

Bainfidh na daltaí leas as na príomhscileanna inaistrithe sin i ngach ceacht agus déanfaidh siad iad a fhorbairt agus ag an am céanna gheobhaidh siad tuiscint níos doimhne ar na saincheisteanna. Leagtar béim san acmhainn seo ar na torthaí foghlama a bhfuiltear ag súil leo i ngach ceacht.

Tá ceachtanna bunaithe ar chúig chás-staidéar i g**Cuid 1** den phacáiste ina ndéantar iniúchadh ar shaincheisteanna forbartha domhanda i dtíortha comhpháirtíochta Chúnamh Éireann. Déantar cur síos ar an saol i dtír i mbéal forbartha, agus spreagann na cás-staidéir agus na gníomhaíochtaí na daltaí le déileáil leis na saincheisteanna ar bhealach criticiúil. Tá príomhchuspóirí foghlama mar aon le tuilleadh faisnéise do mhúinteoirí le fáil i ngach ceacht.


Tá gníomhaíochtaí 'Oideachas Forbartha i bPreabadh na Súl' le fáil i g**Cuid 2** den acmhainn seo. Is gníomhaíochtaí gearra tosaigh iad sin maidir le forbairt domhanda. Tá siad ceaptha sa chaoi go bhféadfaidh múinteoirí iad a úsáid is cuma cad iad na hábhair a bhíonn á múineadh acu féin nó an taithí atá acu ar an oideachas forbartha, agus ní gá ach an méid is lú pleanála agus ullmhúcháin a dhéanamh ina leith.

Tá súil ag Cúnamh Éireann go mbeidh an 'Múinteoir Domhanda' ina acmhainn úsáideach ag múinteoirí chun saincheisteanna forbartha domhanda a chur os comhair a gcuid daltaí. Aithneoidh na daltaí, trí phlé ar bhealach criticiúil leis na téamaí sna ceachtanna cás-staidéar agus agus trí na gníomhaíochtaí 'I bPreabadh na Súl', go bhfuil a saol féin nasctha le saol na ndaoine sna tíortha i mbéal forbartha agus go bhfuil na naisc sin ag méadú i gcónaí. Cuirfidh an acmhainn sin ar chumas na ndaltaí machnamh a dhéanamh ar a ról mar shaoránaigh an domhain.

1 An Roinn Oideachais, Treoirlínte Idirbhliana, 1994, lch.4

2 Féach an leabhran *Irish Aid and Development Education, 2010* agus www.irishaid.gov.ie chun tuilleadh faisnéise a fháil ar an oideachas forbartha.

# Sreabhchairt comhtháite



# Ag baint úsáide as an bpacáiste grianghraf

Is uirlisí teagaisc den scoth iad grianghraif. Soláthraíonn siad pointe tosaigh le haghaidh díospóireachta beag beann ar leibhéil litearthachta nó eolas ginearálta na ndaltaí.

Tá na grianghraif nasctha ar bhealach scaoilte leis na ceachtanna. Is féidir na grianghraif a úsáid chun gníomhaíochtaí a léiriú agus a fhorbairt ach is féidir iad a úsáid freisin mar acmhainn neamhiata chun saincheisteanna a chíoradh.

## Roinnt moltaí faoi úsáid an phacáiste grianghraf

**Cumhdú:** gan ach cuid den ghrianghraf a thaispeáint agus a iarraidh ar na daltaí barúil a thabhairt faoi cad atá sa chuid eile; níos mó den ghrianghraf a nochtadh de réir a chéile, agus ar deireadh a fhiafraí de na daltaí cad atá ag tarlú ann.

Na **grianghraif go léir a chur ar taispeáint** timpeall an tseomra ranga. Iarr ar na daltaí ceann amháin acu a roghnú agus a rogha a mhíniú. Cuir teorainn le líon na ndaltaí ar féidir leo aon grianghraf faoi leith a roghnú. Lig do na daltaí a gcuid smaointe a insint.

**Fotheidil a chur le grianghraif** – déanann gach grúpa cinneadh faoi fhortheideal oiriúnach le cur ar taispeáint.

**Taispeáin grianghraf i lár leathanaigh mhóir nó smeach-chairte** chun na saincheisteanna a chíoradh agus is féidir iad a bhreacadh síos mórthimpeall an ghrianghraif. Ag baint úsáide as rós an chompáis forbartha is féidir na ceisteanna a ghrúpáil ansin i gceithre réimse fócais a bhaineann le ceisteanna geilleagracha, sóisialta nó cultúrtha, comhshaoil agus polaitiúla.[1]

**Na grianghraif a rangú** ar bhealaí éagsúla, m.sh. in ord tosaíochta, ar leibhéal comhbhá, de réir na cumhachta atá iontu chun saincheist a léiriú, nó cearta, nó iargúltacht, nó sonas, nó cé chomh gar is atá siad do rudaí a bhfuil taithí ag na daltaí orthu.

**Ceist a chur faoin ngrianghraf:** ceapann na daltaí liosta ceisteanna maidir leis an ngrianghraf. Spreagann sé seo iad chun na grianghraif a scrúdú níos géire.

**Scéal a insint** bunaithe ar ghné ar bith den ghrianghraf.

Déan **cur síos ar lá amháin** i saol na gcarachtar i ngrianghraf.

**Rólghlacadh** maidir leis na carachtair.

**Scríobh dialann** do cheann de na carachtair.

**Cluiche cuimhne:** taispeáin grianghraf agus féach cé chomh cruinn is féidir leo cuimhneamh ar shonraí – cabhraíonn sé sin chun anailís amhairc a spreagadh.

**Gníomhaíochtaí cruthaitheacha:** grianghraif a úsáid le haghaidh cúrsaí ealaíne, chun scéal nó drámaíocht a cheapadh, nó obair chruthaitheach eile a dhéanamh.

**Cad ar a bhfuil na carachtair sna grianghraif ag smaoineamh?** Úsáid bolgáin chainte.

**Dearcadh an Ghrianghrafadóra:** Cén teachtaireacht a raibh sé nó sí ag iarraidh a chur in iúl?

**Labhair leis na daoine** sa grianghraif nó iarr orthu labhairt leat; déan é a fhorbairt mar dhrámaíocht.

**Déan liosta de mhianta** na ndaoine sna grianghraif.

**Fráma Reoite:** tugann grúpaí éagsúla léiriú ar radhairc ó shaol na leanaí agus na bpobal sa ghrianghraf.

1 Féach ar www.tidec.org chun tuilleadh faisnéise a fháil.

# Treoirlínte maidir le déileáil le ceisteanna atá íogair nó conspóideach sa seomra ranga

Cuireann an t-oideachas forbartha ar chumas foghlaimeoirí an chaoi a bhfuil a saol agus saol na ndaoine sa domhan i mbéal forbartha nasctha le chéile trí iad a spreagadh chun anailís, machnamh agus gníomh a dhéanamh. Gné lárnach d'oideachas forbartha is ea rannpháirtíocht daoine óga i ndíospóireacht oscailte maidir le saincheisteanna forbartha, a d'fhéadfadh cuid acu a bheith conspóideach nó íogair ón taobh cúrsaí sóisialta, polaitiúla, nó pearsanta de. Nuair a dhéantar saincheisteanna den sórt sin a iniúchadh cabhraíonn sé le daoine óga tuiscint níos fearr a bheith acu ar dhaoine eile chomh maith le smaointeoireacht chriticiúil agus scileanna idirphearsanta a fhorbairt.

D'fhéadfadh imní a bheith ar mhúinteoirí go mbeadh saincheisteanna áirithe ró-íogair nó róchonspóideach; mar shampla plé a dhéanamh ar fhoréigean teaghlaigh, ar mhortlaíocht leanaí nó ar chiorrú ball giniúna ban. D'fhéadfadh siad a bheith míchompordach freisin ag plé le ceisteanna a bhainfeadh go díreach le cuid de na daoine óga sa seomra ranga. Mar sin féin, is féidir saincheisteanna den sórt sin a phlé go tuisceanach agus go héifeachtach má chloítear leis na treoirlínte ginearálta seo a leanas:

**Ullmhaigh**: Cruthaigh timpeallacht shábháilte sa seomra ranga trí theacht ar chomhaontú faoi rialacha soiléire maidir le plé agus idirghníomhaíocht. Déan deimhin de go bhfuil a fhios ag na scoláirí go bhfuil cead acu a gcuid smaointe a chur in iúl ar bhealach a léiríonn meas ar dhaoine eile. Is rud úsáideach é freisin go dtuigfeadh na daltaí go bhfuil an múinteoir sásta an díospóireacht a éascú agus a threorú.

**Mínigh agus tabhair faisnéis:** Tá sé tábhachtach go míneofá aon ábhar nó saincheist a bhfuil sé ar intinn agat a tharraingt anuas agus atá íogair nó conspóideach. Tabhair faisnéis fhíorasach go sainráite agus déan deimhin de gur féidir leis na daltaí idirdhealú a dhéanamh idir tuairim agus fíric. Is rud úsáideach é raon faisnéise a bheith agat ó fhoinsí éagsúla.

**Dírigh ar an ábhar**: Is furasta dul ar strae le linn díospóireachta. B'fhéidir go mbeadh ort an díospóireacht a stiúradh ar ais chuig an ábhar atá idir chamáin agaibh má bhíonn siad ag argóint agus ag easaontú lena chéile. Bealach maith chun an díospóireacht a stiúradh agus díriú athuair ar an ábhar is ea tagairt a dhéanamh do mhíreanna ar smeach-chairt.

**Cothroime**: Nuair a bhíonn an díospóireacht á héascú agat, déan deimhin de nach bhfuil sé leataobhach. D'fhéadfadh sé a bheith deacair nuair a bhíonn roinnt saincheisteanna forbartha á bplé cothromaíocht dhearfach a chinntiú agus gan a bheith cloíte ag na fadhbanna go léir. Déan iarracht béim a leagan ar an gcaoi a bhfuil na saincheisteanna seo á réiteach agus an dul chun cinn atá á dhéanamh le dul i ngleic leo. Scrúdaigh cad is féidir leis na daoine óga a dhéanamh agus déan iad a spreagadh chun cúrsaí a athrú.

**Bí uileghabhálach**: Déan iarracht a chinntiú go bhfuil deis ag gach dalta labhairt agus nach bhfuil an plé faoi cheannas ag dalta amháin nó ag cúpla dalta. Ba cheart do mhúinteoirí iarracht a dhéanamh a chinntiú nach nochtfaidh daltaí rudaí pearsanta míchuí. Déan an díospóireacht a stiúradh má tá sé ag éirí rópheearsanta.

**Machnamh**: Obair úsáideach leantach tar éis na saincheisteanna seo a chíoradh ná iarraidh ar na daltaí aiste nó píosa taighde a scríobh faoin ábhar. Ní hamháin go dtugann sé sin deis do na daltaí machnamh a dhéanamh ar an díospóireacht ach daingníonn sé an méid atá foghlamtha acu faoin tsaincheist.

## Acmhainní úsáideacha eile

→ Chun tuilleadh faisnéise agus treorach a fháil maidir le déileáil le saincheisteanna íogaire, féach le do thoil ar **www.curriculum.ie** agus ar **http://www.oxfam.org.uk/education/teachersupport/cpd/controversial/**



Aster Mamo ag fí bambú,
Sliabh Bale, an Aetóip.
Grianghraf le Richard More O'Ferrall.

# Cuid 1: Ceachtanna bunaithe ar chás-staidéir


Ceacht 1 – Slándáil bhia 1 8
*Stair agus Béarla*

Ceacht 2 – Slándáil bhia 2 14
*Tíreolaíocht*

Ceacht 3 – Inscne agus Forbairt 22
*Reiligiún agus Tíreolaíocht*

Ceacht 4 – Athrú Aeráide agus Forbairt 32
*Tíreolaíocht agus Matamaitic*

Ceacht 5 – VEID agus SEIF 40
*Bitheolaíocht agus Reiligiún*



Prátaí a fásadh ó shíolta feabhsaithe a sholáthair an Bembeke Potato Research Centre (International Potato Centre), Dedza, an Mhaláiv. Grianghraf le Daniel Rowan.

# Ceacht 1: Slándáil bhia

## Tús na hoibre

### ÁBHAIR
- Stair
- Béarla

### PRÍOMHSCILEANNA
- Faisnéis a phróiseáil
- Smaoineamh ar bhealach criticiúil cruthaitheach
- Oibriú i gcomhar le daoine eile
- Dul i gcionn ar chúrsaí
- Cumarsáid a dhéanamh

### MODHEOLAÍOCHT
- Grúpobair
- Drámaíocht

### AM
- 1 uair an chloig

### AIDHM
- Iniúchadh a dhéanamh ar na cúiseanna a bhíonn le gorta agus na torthaí a bhíonn air
- Scrúdú a dhéanamh ar na saincheisteanna ceartais a bhaineann le hocras
- Machnamh a dhéanamh ar bhealaí chun líon na ndaoine atá ag fulaingt de bharr ocrais ar fud an domhain a laghdú

### CUSPÓIRÍ
Beidh sé ar chumas na ndaltaí:
- Machnamh a dhéanamh ar ocras ar fud an domhain
- Comparáid a dhéanamh idir an easpa slándála bia atá ann faoi láthair agus an easpa slándála bia a bhí ann in Éirinn go stairiúil
- Déan iniúchadh ar na cúiseanna a bhíonn le heaspa slándála bia agus ar na torthaí a bhíonn air sin
- Pléigh bealaí trína bhféadfaí an easpa slándála bia seo ar fud an domhain a réiteach

### BEIDH AN MÉID SEO A LEANAS AG TEASTÁIL UAIT
- Fótachóipeanna d’fhaisnéis faoi ghorta na hÉireann mar aon le dán le haghaidh leath den rang
- Fótachóipeanna d’fhaisnéis faoin Maláiv le haghaidh leath den rang

# Cad tá le déanamh

## Réamhrá

- Iarr ar na daltaí ransú smaointe a dhéanamh ar cad a mheasann siad is brí le **hocras ainsealach** agus cad is brí le **géarocras.** Mínigh go mbíonn géarocras ann nuair a tharlaíonn tubaiste tobann cosúil le tuile nó triomach agus go mbíonn ocras ainsealach ann nuair nach mbíonn go leor bia ag daoine thar thréimhse fhada ama sa chaoi go mbíonn siad míchothaithe dá bharr. Mínigh go mbíonn slándáil bhia ann nuair a bhíonn fáil ag gach duine an t-am ar fad ar go leor bia atá sábháilte agus cothaitheach chun saol sláintiúil gníomhach a bheith acu.

## Forbairt an cheachta

- Roinn an rang ina cheithre ghrúpa. Tabhair an fhaisnéis faoin Maláiv do dhá ghrúpa agus tabhair an fhaisnéis faoi ghorta na hÉireann agus an dán don dá ghrúpa eile.
- Iarr ar gach grúpa an fhaisnéis atá tugtha dóibh a léamh agus a shamhlú gur teaghlach iad sa chás sin a léirítear ina gcuid bileoga faisnéise. Iarr ar gach grúpa dráma a ullmhú ina léireofar a dteaghlach ag plé an cháis agus ag iarraidh cinneadh a dhéanamh cad ba cheart dóibh a dhéanamh.
- Iarr ar an dá ghrúpa atá ag obair ar scéal ghorta na hÉireann léiriú a dhéanamh ar na drámaí beaga atá ceaptha acu.
- Iarr ar an rang ransú smaointe a dhéanamh:
  i) Cad iad na cúiseanna a bhí le gorta na hÉireann?
  ii) Cad iad na torthaí a bhí air?
  iii) Cad ba cheart a dhéanamh le teacht i gcabhair ar na daoine a bhí ag fulaingt in Éirinn agus cé ar cheart dóibh é sin a dhéanamh?
- Iarr ar an dá ghrúpa atá ag obair ar scéal gorta na Maláive a ndrámaí beaga a léiriú.
- Iarr ar an rang ransú smaointe a dhéanamh:
  i) Cad iad na cúiseanna atá le heaspa slándála bia sa Mhaláiv?
  ii) Cad iad na torthaí atá air?
  iii) Cé ar cheart dóibh aghaidh a thabhairt ar an ocras sa Mhaláiv?
  iv) Cad ba cheart a dhéanamh?

## Clabhsúr

- Cad iad na cosúlachtaí atá idir gorta na hÉireann agus an easpa slándála bia sa Mhaláiv inniu?



Chuir Steven Mwamvana cineál feabhsaithe prátaí ar leath acra talún tar éis gur bheag nár scrios galar na prátaí go léir a bhí aige an bhliain roimhe sin. Grianghraf le Stevie Mann.

Leathanach fótachóipe

## Gorta na hÉireann

D'fhulaing muintir na hÉireann de bharr gorta, galair agus imirce le linn na tréimhse ó 1845 go dtí 1852. Scrios an dubh na prátaí a raibh formhór na ndaoine ag brath orthu mar bhia. Fuair thart ar mhilliún duine bás dá bharr agus chuaigh milliún eile ar imirce thar lear. Bhí arbhar agus barra eile á n-onnmhairiú ó Éirinn le linn an ama sin.

### Sleachta ó
### **Give me three grains of corn, mother**
### le Amelia Blanford Edwards

Give me three grains of corn, mother
Only three grains of corn;
It will keep the little life I have
Till the coming of the morn.
I am dying of hunger and cold, Mother,
Dying of hunger and cold;
And half the agony of such a death
My lips have never told . . .

. . .There is many a brave heart here, Mother,
Dying of want and cold,
While only across the Channel, Mother,
Are many that roll in gold;
There are rich and proud men there, Mother,
With wondrous wealth to view,
And the bread they fling to their dogs tonight
Would give life to me and you.

## Cur síos ar an Maláiv

Is tír bheag i bhfad ón bhfarraige í an Mhaláiv i ndeisceart na hAfraice. Tá 13 milliún duine ina gcónaí sa tír agus iad ina gcónaí den chuid is mó i gceantair thuaithe agus ag brath ar fheirmeacha beaga agus ar iascaireacht chun beatha a shaothrú dóibh féin is dá dteaghlaigh.

Tá an Mhaláiv ar cheann de na tíortha is boichte ar domhan. Tá an Mhaláiv i mbaol ganntanas bia de bharr theip na mbarr agus toisc go bhfuil praghsanna bia agus leasachán ag éirí. Bhí easpa slándála bia ag cur as do níos mó ná 80% den daonra go dtí 2006[1]. Ba iad bonneagar bocht, ardmhinicíocht VEID/SEIF, rátaí arda maidir le fás an daonra agus a leochailí is atá siad ó thaobh triomaigh agus tuilte a chuir bac le forbairt na Maláive.

Maireann Steven Mwanvana sa Mhaláiv lena bhean agus lena bheirt leanaí atá fós beo. Tá paiste beag talún acu ar a gcuireann siad a gcuid bia go léir ag fás. Bíonn arbhar Indiach ag fás acu formhór na bliana agus is air sin a mhaireann siad. Mar sin féin bíonn 'séasúir an ocrais' acu idir fómhair an arbhair agus ní bhíonn le hithe acu i rith na dtréimhsí sin ach méid beag prátaí (ar a dtugtar 'Prátaí na hÉireann'). Is minic nach mbíonn bia go leor acu, go háirithe nuair a bhíonn triomach ann. Fuair leanaí ab óige Steven bás ó ghalair a d'fhéadfaí a chosc. Síleann sé go raibh siad rólag de bharr míchothaithe chun na tinnis a chur tharstu. Ní raibh d'fhómhar ag Steven an séasúr deireanach ach trí mhála prátaí. Síleann sé go gcaithfidh sé dul ag lorg oibre i Mósaimbíc le beatha a thabhairt dá chlann.

### 'Míorúilt' na Maláive

Tá feabhas an-mhór tagtha ar chúrsaí slándála bia sa Mhaláiv agus tharla sé sin den chuid is mó de bharr chlár Fóirdheontas Ionchuir Feirme an Rialtais. Tharla laghdú go 10% ar chéatadán na dteaghlach nach raibh go leor bia le hithe acu in 2008/2009 ó 38% in 2006/7. Táirgeann an Mhaláiv farasbarr arbhair Indiaigh anois (2010).

1 Is ionann easpa slándála bia agus an cur síos sin atá tugtha san fhaisnéis chúlra don mhúinteoir.

# Faisnéis chúlra don mhúinteoir

## Cad is ocras ann?

Is éard is ocras ann ná an riocht sin nuair nach mbíonn an iontógáil bia is bunúsaí ag daoine chun fuinneamh agus cothaithigh a sholáthar dóibh chun saol lántáirgiúil gníomhach a beith acu. Bíonn ocras ar dhaoine toisc nach féidir leo an iontógáil bia bhunúsach sin a fháil. Féadfaidh sé sin tarlú de bharr roinnt cúiseanna lena n-áirítear: bochtaineacht, táirgeadh íseal bia, easpa oideachais máithreacha agus aithreacha, gan go leor éagsúlachta a bheith ag baint leis an mbia sa chaoi go mbíonn cumas íseal cothaithe ann, droch-chaighdeáin uisce, sláinteachais agus áiseanna sláinte, agus suaití aimsire. Tá ocras ainsealach á fhulaingt ag 1 billiún duine anois[2].

## Cad is slándáil bhia ann?

Ag an Cruinniú Mullaigh Domhanda faoi Bhia in 1996 ba an sainmhíniú a tugadh ar **shlándáil bhia** ná 'nuair a a bhíonn fáil ag gach duine an t-am ar fad ar go leor bia atá sábháilte agus cothaitheach chun saol sláintiúil gníomhach a bheith acu.'[3] Tá slándáil bhia bunaithe ar thrí bhunchloch:

- **Infhaighteacht bhia**: bíonn go leor bia ar fáil ar bhonn comhsheasmhach
- **Rochtain ar bhia**: bíonn go leor acmhainní ag teaghlaigh agus ag daoine aonair chun bianna cuí a fháil chun aiste bia cothaitheach a bheith acu
- **Úsáid bia**: úsáid chuí bunaithe ar an eolas ar chothú agus ar chúram bunúsach, chomh maith le huisce agus sláintíocht leordhóthain[4]

Chun ceist na slándála bia a thuiscint i gceart ní mór dúinn iniúchadh a dhéanamh ar na torthaí díreacha a bhíonn ar easpa slándála bia.

Bíonn **Tearc-chothú** i gceist nuair a bhíonn iontógáil neamhleor bia ag duine chun freastal ar riachtanais chothaithe/fuinnimh nó má bhí an scéal amhlaidh san am atá thart. Foirm eile de mhíchothú is ea tearc-chothú a tharlaíonn mar gheall ar easpaí tromchúiseacha de chothaithigh riachtanacha. Is féidir é a thomhas ar thrí bhealach: meáchan i gcomparáid le haois (ró-éadrom); airde i gcomparáid le haois (crandú) agus meáchan i gcomparáid le hairde (seargadh).[5]

Comhartha **Míchothaithe Ainsealaigh** is ea **crandú** agus is féidir aghaidh a thabhairt air sa deireadh thiar trí bhia agus cothú níos fearr mar aon le cúram ginearálta agus cúram sláinte níos fearr. Comhartha **Géar-mhíchothaithe** is ea **seargadh** a tharlaíonn de ghnáth le linn éigeandála bia nó gorta agus ní mór dul i ngleic leis trí rudaí ar a dtugtar idirghabhálacha teiripeacha. Is éard a bhíonn i gceist le cláir idirghabhálacha teiripeacha ná bianna réidh le húsáid a sholáthar atá ceaptha chun críocha cothaitheacha áirithe, mar shampla pacáistí bianna ardfhuinnimh, ardphróitéin leachtaithe.

## Cad is cúis leis an ngéarchéim dhomhanda maidir le slándáil bhia?

Tharla sí de bharr méadú suntasach ar phraghsanna bia ar fud an domhain, de thoradh tosca áitiúla agus domhanda. Bíonn tionchar ag ardú i bpraghsanna bia ar na teaghlaigh is leochailí. Sa Tuarascáil a chuir Tascfhórsa an Ocrais faoi bhráid Rialtas na hÉireann in 2008 rinneadh cur síos ar na himpleachtaí atá ag arduithe i bpraghas an bhia.

'Is é an toradh atá ar phraghsanna níos airde ar bhia ná go bhfuil gné nua tar éis teacht chun cinn maidir le cúrsaí ocrais. Tá ocras práinneach ar 130 milliún duine breise anois nach raibh an bhail sin orthu bliain amháin ó shin. Tá ag teip ar na daoine is leochailí bealaí a fháil chun déileáil leis. Níl na daoine atá ag maireachtáil ar $2 (SAM) in aghaidh an lae ag bacadh a thuilleadh le cúrsaí sláinte agus oideachais agus tá siad ag díol nó ag ithe a mbeostoc. Níl próitéin ná glasraí á n-ithe a thuilleadh ag na daoine atá ag maireachtáil ar níos lú ná $1 (SAM) in aghaidh an lae. Maidir leo siúd atá ag maireachtáil ar níos lú ná 50 cent in aghaidh an lae, agus tá níos mó ná 160 milliún acu siúd ar fud an domhain, tá siad ag gearradh amach béilí iomlána, agus uaireanta caitheann siad laethanta gan béile ar bith a ithe.'[6]

## Na cúiseanna leis an ngéarchéim dhomhanda maidir le slándáil bhia

1. Ós rud é go bhfuil **costas ola agus tráchtearraí eile ag ardú** ciallaíonn sé sin nach bhfuil feirmeoirí beaga, agus is mná a lán díobh, in ann íoc as síolta, leasachán, uirlisí agus costais taistil. Bíonn sé deacair ar fheirmeoirí beaga den sórt sin iasachtaí beaga a fháil ó chomhair chreidmheasa nó ó bhainc agus níl aon airgead ar fáil ón rialtas chun cabhrú leo

2 http://www.fao.org

3 http://www.who.int/trade/glossary/story028/en/

4 http://www.who.int/trade/glossary/story028/en/

5 http://www.who.int/trade/glossary/story028/en/

6 Tuarascáil do Rialtas na hÉireann, Tascfhórsa an Ocrais, Meán Fómhair 2008

2. Cuirtear **barra amhail arbhar Indiach ag fás** in áiteanna ar fud an domhain chun **bithbhreosla** a sholáthar i gcomhair carranna. Ciallaíonn sé sin go bhfuil níos lú talún ar fáil chun bia a chur ag fás agus dá bharr sin bíonn praghsanna níos airde le híoc ag teaghlaigh ar gá dóibh bia a cheannach.
3. Tá mórchuid talún san Afraic agus san Áise tar éis tiontú ina ghaineamhlach de thoradh ar **athrú aeráide agus téamh domhanda** agus ní féidir bia a tháirgeadh ann a thuilleadh. Ní dhéantar uisciú ach ar 7% den talamh feirmeoireachta san Afraic agus mar sin bíonn an talmhaíocht ag brath ar an mbáisteach. Déanann na tuilte breise a tharlaíonn i roinnt áiteanna damáiste do na barra freisin. Tá athrú tagtha ar phatrúin na haimsire agus ní féidir le feirmeoirí báisteach a thuar a thuilleadh faoi mar a rinne siad roimhe seo.
4. **Níl an chomhairle ná an oiliúint á tabhairt** d'fheirmeoirí atá riachtanach dóibh le foghlaim faoi bhealaí feirmeoireachta níos fearr nó faoi conas a modhanna oibre a chur in oiriúint don athrú aeráide.
5. Is minic a bhíonn píosa talún roinnte idir teaghlaigh éagsúla, agus nuair a dhéantar í a shaothrú bliain i ndiaidh bliana **ídítear na cothaithigh go léir san ithir** sa chaoi nach féidir barra a chur ag fás ann a thuilleadh.
6. Tháinig méadú ar **chostas an bhia** ar mhargaí an domhain ó 2003 i leith. Daoine bochta is mó a bhíonn thíos leis toisc nach mbíonn coigiltis ná sócmhainní acu a bhféadfaidís leas a bhaint astu.
7. Is **minic nach bhfaigheann feirmeoirí** sna tíortha i mbéal forbartha **praghas cóir** nuair a dhíolann siad barra ar nós caife, tae, bananaí agus cócó leis an gcuid eile den domhan.
8. Is féidir **rialacha trádála idirnáisiúnta** a úsáid, agus i gcásanna áirithe is iad na tíortha saibhre a úsáideann iad, chun taraifí arda a fhorchur ar tháirgí áirithe ó thíortha i mbéal forbartha agus sa chaoi sin ní bhíonn siad in ann na margaí a rochtain. Nuair a íocann tíortha saibhre fóirdheontais don bhia a tháirgeann siad agus nuair a dhíoltar an bia sin le tíortha i mbéal forbartha bíonn na táirgeoirí áitiúla thíos leis toisc nach mbíonn siad in ann dul san iomaíocht leis na táirgí sin ar a gcuid margaí baile.
9. **Cúnamh Idirnáisiúnta um Fhorbairt Thar Lear** – níl ach 4% den chúnamh ó thíortha saibhre spriocdhírithe ar an talmhaíocht anois i gcomparáid le 20% in 1980.
10. Is minic a chuireann **easpa bonneagair ar nós bóithre agus iompair** cosc ar na feirmeoirí a gcuid barr a chur ar an margadh nó bíonn sé deacair orthu na rudaí a cheannach atá riachtanach dóibh i gcomhair a gcuid feirmeacha.

## An freagra ar an ngéarchéim dhomhanda maidir le slándáil bhia

Cuireann socruithe gearrthéarmacha nó 'líontán sábhála' cabhair láithreach ar fáil do na teaghlaigh is mó a bhíonn i mbaol ó ocras agus ó dhroch-chothú. Ina measc sin tá na nithe seo a leanas:

- Béilí scoile a sholáthar do leanaí
- Cúnamh éigeandála bia agus cothaithe a sholáthar do na daoine is leochailí, go háirithe do naíonáin agus do mhná atá ag iompar clainne, i gclinicí sláinte máithreacha agus leanaí
- Bia agus airgead tirim a sholáthar do chláir oibre le haghaidh teaghlach atá i mbaol ocrais i gcathracha

Tá réitigh níos fadtéarmaí dírithe ar fheabhsú na talmhaíochta trí thacaíocht a thabhairt d'fheirmeoirí beaga ar na bealaí seo a leanas:

- Cabhrú leo síolta, uirlisí agus leasacháin a fháil nó a cheannach
- Córais uisciúcháin a thógáil sa chaoi nach mbeidh ar fheirmeoirí a bheith ag brath go hiomlán ar an mbáisteach
- Bóithre níos fearr a thógáil le go mbeidh na feirmeoirí in ann a gcuid barr a thabhairt chuig an margadh
- Níos mó margaí a thógáil inar féidir le feirmeoirí a gcuid táirgí a dhíol
- Cláir chomhairleacha agus oiliúna feirme a cheapadh inar féidir feirmeoirí atá ag éirí leo a chur ar fud na dúiche ag múineadh bealaí nua d'fheirmeoirí eile chun barra níos mó a bheith acu
- Iasachtaí airgid a sholáthar d'fheirmeoirí bochta le go bhféadfaidh siad feabhas a chur ar a bhfeirmeacha
- Cuidiú le feirmeoirí cumainn agus grúpaí a chur ar bun chun go mbeidh siad in ann oibriú le chéile chun tuairimí a mhalartú agus a iarraidh agus chun an méid atá riachtanach chun an talmhaíocht a fheabhsú a iarraidh ón rialtas
- Cuidiú le feirmeoirí gnólachtaí beaga agus comharchumainn a chur ar bun chun táirgí a dhíol

## Cén freagra atá á thabhairt ag Éirinn ar an ngéarchéim dhomhanda maidir le slándáil bhia?

Tá Éire ag tacú leis an bplean gníomhaíochta um shlándáil dhomhanda bhia agus tá sí ag le déanamh a cion féin sa troid in aghaidh an ocrais leis an clár Chúnamh Éireann, go háirithe sna tíortha atá mar chomhpháirtithe aici (sa chlár)[7] san Afraic fho-Shahárach ina bhfuil an ghéarchéim dhomhanda maidir le slándáil bhia an-dian.

Ina theannta sin, bhunaigh Éire Tascfhórsa an Ocrais in 2007 d'fhonn cur le hiarrachtaí idirnáisiúnta chun ocras domhanda a laghdú. Seoladh Tuarascáil Thascfhórsa Ocrais na hÉireann in 2008 ag na Náisiúin Aontaithe (NA) i Nua-Eabhrac. Tugadh tosaíocht sa Tuarascáil sin do na trí bheart seo a leanas atá á dhéanamh ag Éirinn in éineacht lena comhpháirtithe idirnáisiúnta:

1. táirgiúlacht talmhaíochta na bhfeirmeoirí beaga san Afraic a mhéadú agus béim faoi leith a leagan ar mhná
2. feabhas a chur ar chothú máithreacha agus naíonán
3. na constaicí maidir le slándáil bhia a shárú trí chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta agus maidir leis an méid is féidir le gach tír a dhéanamh í féin chun dul i ngleic le hocras

## Cén fáth a bhfuil deireadh a chur le hocras ina chuid lárnach d'fhorbairt?

Ní amháin go bhfuil slándáil bhia tábhachtach ann féin, ach is cuid lárnach í freisin de gach ceist forbartha. Ní mór aghaidh a thabhairt ar ocras agus ar dhroch-chothú ar dtús má táthar chun mortlaíocht leanaí a laghdú, feabhas a chur ar shláinte na máithreacha, dul i ngleic le galair cosúil le VEID agus SEIF agus cur le hoideachas daoine ar gach leibhéal. Chomh maith céanna, ní mór inbhuanaitheacht chomhshaoil a bhaint amach, comhpháirtíochtaí domhanda a fhorbairt ó thaobh trádála agus cabhrach de, agus comhionannas inscne a chur chun cinn má táthar chun feabhas a chur ar shlándáil bhia.

7 Is iad 'tíortha comhpháirtíochta' na hÉireann na naoi dtír ina n-oibríonn Cúnamh Éireann i gcomhar le rialtais na dtíortha sin chun troid in aghaidh na bochtaineachta. Tá seacht gcinn díobh san Afraic: An Aetóip, Leosóta, an Mhaláiv, Mósaimbíc, an Tansáin, Uganda agus an tSaimbia, agus tá dhá thír díobh san Áise: Vítneam agus Tíomór Thoir.

## Faigh níos mó faisnéise

**Ar na naisc úsáideacha atá ar fáil maidir le slándáil bhia agus forbairt tá:**

- → http://www.irishaid.gov.ie
  Foghlaim níos mó faoi obair Chúnamh Éireann maidir le slándáil bhia agus faoi Thascfhórsa an Ocrais
- → http://www.who.int
  Tabhair cuairt ar láithreán Gréasáin na hEagraíochta Domhanda Sláinte agus léigh faoin gCruinniú Mullaigh Domhanda faoi Bhia in 1996 agus faoin sainmhíniú ar shlándáil bhia
- → http://www.fao.org
  Tabhair cuairt ar Eagraíocht Bia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe chun tuilleadh a léamh maidir le cláir slándála bia agus saincheisteanna gaolmhara

## An raibh a fhios agat?

**Thug Éire €3.2 milliún chun tacú le 1.6 milliún feirmeoirí sa Mhaláiv in 2009 chun leasacháin agus síolta a cheannach**



Is sráidbhaile é Khulungira atá suite i lár na Maláive, i ngar don teorainn le Mósaimbíc. Tá thart ar 350 teaghlach ina gcónaí ansin. Grianghraf le Stevie Mann.

# Ceacht 2: Slándáil bhia 2

## Tús na hoibre

### ÁBHAIR
- Tíreolaíocht

### PRÍOMHSCILEANNA
- Oibriú i gcomhar le daoine eile
- Cumarsáid a dhéanamh
- Smaoineamh ar bhealach criticiúil cruthaitheach

### MODHEOLAÍOCHT
- Díospóireacht ghrúpa
- Ionsamhlú

### AM
- 40 nóiméad

### AIDHM
- Iniúchadh a dhéanamh ar chúiseanna agus ar thorthaí na heaspa slándála bia agus bealaí a aithint le dul i ngleic leis an dúshlán sin.

### CUSPÓIRÍ
Beidh sé ar chumas na ndaltaí:
- A aithint go bhfuil géarchéim dhomhanda ann maidir le slándáil bhia
- Bealaí a aithint a d'fhéadfadh an ghéarchéim a réiteach
- Comhbhá a bheith acu leo siúd atá ag fulaingt de bharr ocrais agus droch-chothaithe
- Smaoinigh ar na tosaíochtaí maidir leo siúd atá ag fulaingt de bharr ocrais agus droch-chothaithe

### BEIDH AN MÉID SEO A LEANAS AG TEASTÁIL UAIT
- Fótachóipeanna de na cártaí (ceann i gcomhair gach triúr nó ceathrar daltaí)
- Trí nó ceithre chóip maidir le gach rólghlacadh

# Cad tá le déanamh

## Réamhrá

- Léigh an cás-staidéar ar Khulungira thíos.

## Forbairt an cheachta

- Abair leis an ngrúpa go bhfuil an Rialtas sa Mhaláiv tar éis foireann forbartha a chur go dtí an sráidbhaile le fáil amach conas cabhrú le muintir na háite slándáil bhia a bhaint amach, a saolta a fheabhsú agus a sráidbhaile a fhorbairt.
- Roinn an rang ina bhfoirne sa chaoi go mbeidh triúr nó ceathrar ar gach foireann díobh agus tabhair cóipeanna de chártaí do gach grúpa ar a bhfuil réitigh fhéideartha éagsúla. Iarr ar na grúpaí na hocht gcárta ar bharr a roghnú agus iad a chur in ord tábhachta ag tosú leis na cinn is tábhachtaí dar leo agus ag críochnú leis na cinn is lú tábhacht. Abair leo gur féidir leo an rangú céanna a thabhairt do dhá chárta ar a mhéid más mian leo.
- Iarr ar gach grúpa i ndiaidh a chéile a insint cad é an cárta (nó cad iad na cártaí) is tábhachtaí dar leo.
- Inis do na daltaí go mbeidh siad mar mhuintir an tsráidbhaile anois. Tabhair ceann de na rólchártaí do gach grúpa agus iarr orthu an ról sin a ghlacadh. Iarr orthu athscrúdú a dhéanamh ar na cártaí réitigh éagsúla agus iad a athrangú de réir an róil atá glactha acu.
- Iarr ar gach grúpa i ndiaidh a chéile a ról a léamh amach don rang agus insint don rang an cárta nó na cártaí sin a dtabharfadh siad tús áite dó nó dóibh ó thaobh réitigh de. Ar athraigh siad a gcuid tosaíochtaí mar gheall ar an ról a bhí acu?

## Clabhsúr

- Pléigh cén fáth ar athraigh na grúpaí éagsúla na réitigh ar thug siad tosaíocht dóibh. Fiafraigh den rang cad atá foghlamtha acu faoi bhealaí chun fadhbanna maidir leis an easpa slándála bia a réiteach.



Níl carr ná gluaisrothar ag aon duine i Khulungira. Tá an margadh is gaire 12km uathu. Grianghraf le Stevie Mann.

Leathanach fótachóipe

## Cás-staidéar Khulungira

Sráidbhaile sa Mhaláiv is ea Khulungira agus tá sé cosúil le go leor de na na pobail bheaga feirmeoireachta eile i gceantair thuaithe. Bíonn daoine ann ag brath beagnach go hiomlán ar an méid a fhásann siad dóibh féin. Is é arbhar Indiach an príomhbharr a bhíonn acu agus is é 'nzima' – cineál leitean déanta d'arbhar Indiach – an príomhbhia a bhíonn acu. Itear é de ghnáth mar aon le glasraí nó le blúire beag feola ó am go chéile. Níl aon leictreachas ná uisce reatha acu.

Níl dochtúir ná clinic acu. Tá siad 27 km ón mbóthar pábháilte is gaire dóibh agus 12 km ón margadh is gaire. Níl carr ná gluaisrothar ag aon duine.

Bíonn leanaí ag teastáil le bheith ag obair sna páirceanna, nó chun aire a thabhairt do seandaoine nó dá ndeartháireacha agus dá ndeirfiúracha atá níos óige ná iad.

Ní chríochnaíonn a lán daltaí an cúrsa bunscoile. Níl sé d'acmhainn ag mórán tuismitheoirí a gcuid leanaí a chur chuig an meánscoil. Is de láimh a fhásann muintir an tsráidbhaile a gcuid bia. Úsáideann siad uirlisí simplí mar ghrafóga agus thor-sceana fada (maiseiteanna), gearrann siad ábhar tine dóibh féin agus tógann siad a dtithe féin. Éiríonn leis na feirmeoirí is rathúla dornán airgid a shaothrú óna bhfeirmeacha freisin. Úsáideann siad an t-airgead sin chun nithe cosúil le gallúnach, leigheas agus salann a cheannach.

Ní thagann an bháisteach ach uair amháin sa bhliain i Khulungira. Bhí ganntanas bia agus ocras ann amanna áirithe den bhliain i Khulungira. Cuireann siad prátaí le cabhrú leo teacht slán trí 'shéasúr an ocrais' gach bliain, nuair nach mbíonn an t-arbhar Indiach aibí fós ach is beag an méid prátaí a bhíonn acu de thoradh a n-iarrachtaí agus bíonn an caighdeán go dona, agus cé go mbíonn an-éileamh ar phrátaí sna cathracha is beag a fhaigheann siad orthu ar an margadh.

## Róil

1. Is feirmeoir beag thú gan mórán talún. Tá cothaithigh na talún ídithe de bharr róshaothraithe agus ní mór duit leasacháin agus síolta a cheannach. Bíonn tú ag brath ar an mbáisteach chun na barra a uisciú nó beidh ort uisce a iompar na mílte slí i mbuicéid.

2. Cuireann tú prátaí chomh maith le harbhar Indiach agus cothaíonn siad sin do theaghlach i gcaitheamh na bliana. Bheifeá i bhfad níos fearr as dá mbeadh prátaí de chineál feabhsaithe agat agus dá mbeadh bealach agat chun iad a stóráil mar tá an t-éileamh ar phrátaí ag méadú i gcónaí sna cathracha.

3. Tá feirm bheag agat. Bíonn 3 bharr agat in aghaidh na bliana agus tá cúpla cearc agus gabhar agat freisin. D'fhéadfá an-fheabhas a chur ar d'fheirm dá mbeadh an t-am le spáráil agat chuige sin ach tá 2 leanaí bheaga agat agus tá an oiread sin obair tí le déanamh agat, amhail uisce a iompar abhaile, arbhar Indiach a mheilt agus breosla a bhailiú. Dá mb'fhear thú d'éileofá creidmheas nó iasacht bheag. Is í an aisling atá agat maidir le do leanaí ná go bhfaighidh siad oideachas agus nach mbeidh orthu dul gan bhia choíche.

4. Tá bean agus triúr clainne agat. Cuireann tú roinnt arbhair Indiaigh agus prátaí, ach tá d'fheirm an-bheag agus ní tháirgeann sí go leor chun do theaghlach a chothú. Bíonn ort dul ag obair do dhaoine eile chomh maith.

5. Tá tú 18 bliana d'aois. Ós rud é go bhfuair do thuismitheoirí bás dhá bhliain ó shin tá ort aire a thabhairt do do dheartháir agus do dheirfiúr níos óige. Bhí ort an scoil a fhágáil le dul ag obair ar an bhfeirm. Tá do dheirfiúr níos óige ag déanamh go maith sa bhunscoil ach gach seans nach mbeidh sí in ann dul chuig an meánscoil agus gur ag obair ar an bhfeirm a bheidh sí sa deireadh thiar.

6. Bíonn fómhar maith agat ó na barra agus tá roinnt beostoic ceannaithe agat i gcomhair d'fheirme. Don chéad uair riamh tá níos mó bia agat ná mar is gá chun do theaghlach a chothú. Dá mbeadh bóithre tarráilte i do cheantar bheifeá in ann do tháirgeadh a thabhairt chuig na margaí. Chuirfeadh an t-ioncam a gheofá uaidh sin ar do chumas do leanaí a chur chuig an meánscoil.

Leathanach fótachóipe

**Réitigh a d'fhéadfadh a bheith ar an bhfadhbh.**

Tá an Rialtas tar éis foireann forbartha a chur go dtí an sráidbhaile le déanaí le fáil amach conas cabhrú le muintir na háite slándáil bhia a bhaint amach, a saol a fheabhsú agus an sráidbhaile a fhorbairt. Tá roinnt smaointe ann maidir leis na réitigh a d'fhéadfaí a fháil (féach ar na cártaí thíos agus ar na leathanaigh seo a leanas).

**Córais uisciúcháin simplí ina n-úsáidfí uisce báistí stóráilte**

**Caidéil sa sráidbhaile i dtreo is nach mbeadh orthu uisce a iompar ó thobar 3km ón áit**

**Cineálacha nua bairr atá frithsheasamhach in aghaidh galar agus triomaigh**

**Cabhair chun comharchumann feirmeoirí a chur ar bun**

Leathanach fotachóipe

| |
|---|
| Bia ardphróitéin saor in aisce do mháithreacha agus do naíonáin |
| Deontas chun margadh a chur ar bun i sráidbhaile níos mó atá 4km ar shiúl |
| Tarracóir mar bhronntanas |
| Bia nó airgead tirim mar mhalairt ar obair |
| Comhairle maidir le modhanna feirmeoireachta níos fearr a úsáid |
| Iompar saor in aisce, éide agus leabhair do dhaltaí meánscoile |

Leathanach fótachóipe

Airgead chun síolta agus leasachán a cheannach

Comhairle agus cabhair maidir le tionscadal fásta crann

Cabhair chun comhar feirmeoirí ban a chur ar bun

Roinnt meaisíní beaga chun arbhar Indiach a mheilt

Bóthar níos fearr chuig an mbaile agus an margadh is cóngaraí

Clinic sláinte soghluaiste ag teacht ar chuairt gach coicís

Leathanach fótachóipe

Rochtain ar iasacht creidmheasa chun talamhghnó a fhorbairt

Imdhíonadh i gcoinne galar do naíonáin agus do leanaí beaga

Seomra ranga breise agus múinteoir breise le haghaidh na bunscoile

Prátaí feabhsaithe agus bealaí níos fearr lena stóráil

# Faisnéis chúlra don mhúinteoir

**Féach ar an bhFaisnéis Chúlra don Mhúinteoir mar atá i nGníomhaíocht Chás-Staidéir 1 faoi Easpa Slándála Bia.**

## Faigh níos mó faisnéise

**Ar na naisc úsáideacha atá ar fáil maidir le slándáil bhia agus forbairt tá:**

- http://www.irishaid.gov.ie
  Tabhair cuairt ar láithreán Gréasáin Chúnamh Éireann agus léigh faoin Maláiv agus faoi na cláir agus na tionscadail a mhaoinítear faoina chlár comhpháirtíochta leis an Maláiv
- http://www.wfp.org/countries/Malawi
  Tabhair cuairt ar láithreán Gréasáin an Chláir Dhomhanda Bia agus foghlaim níos mó faoi na saincheisteanna a bhaineann le slándáil bhia sa Mhaláiv
- http://www.feedingminds.org
  Acmhainní breise don mhúinteoir faoi shlándáil bhia

## An raibh a fhios agat?

Sa bhliain 2008, thacaigh Cúnamh Éireann le bunú áis ghéarchéime bia €1 billiún an Aontais Eorpaigh le cabhrú le tíortha leochaileacha ar fud an domhain.




Mná ag Ionad Sláinte Miono, an Tansáin. Grianghraf le Pieternella Pieterse.

# Ceacht 3: Inscne agus Forbairt

## Tús na hoibre

### ÁBHAIR
- Reiligiún
- Tíreolaíocht

### PRÍOMHSCILEANNA
- Oibriú i gcomhar le daoine eile
- Smaoineamh ar bhealach criticiúil cruthaitheach
- Cumarsáid a dhéanamh

### MODHEOLAÍOCHT
- Grúpobair
- Gníomhaíocht ionsamhlúcháin
- Díospóireacht

### AM
- 1 uair an chloig

### AIDHM
- Iniúchadh a dhéanamh ar na cúiseanna a bhíonn le neamh-chomhionannas inscne agus na torthaí a bhíonn air
- Iniúchadh a dhéanamh ar an tionchar atá ag inscne ar bhochtaineacht agus ar fhorbairt
- Freagraí ar neamh-chomhionannas inscne a mheas

### CUSPÓIRÍ
Beidh sé ar chumas na ndaltaí:
- Steiréitíopáil inscne a mheas
- Na cúiseanna a bhíonn le neamh-chomhionannas inscne a aithint, mar aon leis na torthaí a bhíonn air
- Machnamh a dhéanamh ar an mbaint atá idir inscne agus bochtaineacht agus forbairt
- Scrúdú a dhéanamh ar fhreagraí a d'fhéadfaí a thabhairt ar neamh-chomhionannas inscne

### BEIDH AN MÉID SEO A LEANAS AG TEASTÁIL UAIT
- Smeach-chairt nó smeach-chlár
- Fótachóipeanna de na rólchártaí

# Cad tá le déanamh

## Réamhrá

- Scríobh 'Buachaill' agus 'Cailín' ar an mbord nó ar an smeach-chairt. Iarr ar na daltaí ransú smaointe a dhéanamh ar steiréitíopáil inscne: cad iad na focail a thagann chun cuimhne maidir le gach ceannteideal? Scríobh na freagraí agus lean ar aghaidh ansin ag ransú smaointe faoi bhréagáin/shlite beatha/spóirt/ghníomhaíochtaí a chomhcheanglaítear le gach ceann díobh.
- Cuir tús leis an díospóireacht trína fhiafraí de na daltaí cé a mhúineann na róil inscne dúinn agus ansin iarr orthu oibriú ina mbeirteanna ag breacadh síos cá bhfoghlaimímid na róil sin. Cén áit a bhfeicimid nó a gcloisimid teachtaireachtaí faoi chúrsaí inscne? Tabhair cúpla nóiméad dóibh chun go bhféadfaidh gach beirt a bhfreagraí a insint.
- Rogha breise: iarr ar na daltaí breathnú trí nuachtáin agus irisí agus tuarascáil a thiomsú ar an gcaoi a léirítear fir agus mná iontu.

## Forbairt an cheachta

- Tabhair rólchárta do gach dalta agus iarr orthu iad féin a shamhlú 'i mbróga' an duine a ndéantar cur síos air nó uirthi ar an gcárta trí mhachnamh a dhéanamh ar an duine sin agus an cineál saoil atá aige nó aici. Abair leo gan na róil atá acu a insint do na daltaí eile.
- Iarr ar na daltaí seasamh de réir an róil atá acu ar chúl an tseomra i líne amháin. Mínigh go mbeidh tú ag léamh amach roinnt ráiteas agus tar éis gach ceann díobh, gur féidir leis na daltaí
  - **coiscéim mhór** a ghlacadh má bhaineann an ráiteas leis an gcarachtar atá acu nó más féidir leo an gníomh a dhéanamh
  - **coiscéim bheag bhídeach** a ghlacadh mura mbaineann ach cuid den ráiteas leo nó dá mbeadh sé deacair orthu an gníomh a dhéanamh
  - **gan aon choiscéim** a ghlacadh murar féidir leo an gníomh a dhéanamh nó mura mbaineann an ráiteas leo.
- Tosaigh ag léamh na ráiteas, agus bíodh sos idir gach ceann acu chun go mbeidh deis ag na daltaí smaoineamh air agus cinneadh a dhéanamh bogadh nó gan bogadh. Nuair a bheidh na ráitis go léir léite amach, iarr ar na daltaí fanacht ina seasamh cibé áit ina bhfuil siad sa seomra.
- Agus iad fós ag déanamh aithrise ar na carachtair, iarr ar na daltaí a mhíniú cé hiad féin agus cad iad na ráitis ba mhó a bhain leo. Má tá an ról céanna ag daltaí éagsúla ach iad ag ionaid éagsúla sa seomra, fiafraigh díobh cad iad na ráitis a spreag na rudaí éagsúla a rinne siad.
- Gan na róil, bíodh díospóireacht ranga agaibh faoi cé a bhog níos faide ar aghaidh agus cén fáth. Cé nach raibh in ann gluaiseacht ar aghaidh agus cén fáth? Cad iad na difríochtaí idir taithí na bhfear agus na mban?
- Léigh an comhad fíricí faoi inscne agus forbairt agus an cás-staidéar ar an Tansáin. Cad iad na saincheisteanna a théann i gcion go háirithe ar mhná agus ar chailíní sa domhan i mbéal forbartha? Cad a chabhraigh le Asha foréigean inscne a shárú?

## Clabhsúr

- Iarr ar an rang plé a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil cúrsaí inscne agus bochtaineacht nasctha le chéile. An bhfuil comhionannas inscne ann in Éirinn? Cad is féidir linn a dhéanamh le dul i ngleic le neamh-chomhionannas inscne ar bhonn domhanda?
- Cén chaoi a bhféadfadh neamh-chomhionannas inscne bochtaineacht a dhéanamh níos measa in Éirinn nó sa domhan i mbéal forbartha?

Leathanach fótachóipe

## Mná agus fíricí maidir le forbairt:

- Tá níos mó cailíní agus buachaillí ag freastal ar bhunscoileanna ar fud an domhain ná riamh. Mar sin féin, tá 72 milliún leanaí fós ann nach bhfuil ag dul ar scoil agus is cailíní 54 faoin gcéad díobh sin.
- I ngach cearn den domhan, maireann mná níos faide ná fir. Mar sin féin, is minic a fhaigheann mná bás agus iad fós óg i dtíortha i mbéal forbartha mar gheall ar easpa cúram leighis le linn toirchis agus luí seoil.
- Sa Mheán-Oirthear, san Afraic fho-Shahárach agus san Afraic Thuaidh, is mná iad níos mó ná leath na ndaoine sin a bhfuil VEID agus SEIF orthu. Ní amháin go dtéann sé sin i gcionn ar shaol na mban sin ach bíonn tionchar aige ar na teaghlaigh agus na pobail atá ag brath orthu.
- Ó thaobh cúrsaí oideachais de, tá 774 milliún duine fásta ann nach bhfuil léamh ná scríobh acu agus is mná dhá thriain díobh siúd. Níor tháinig aon athrú ar an gcoibhneas sin le fiche bliain anuas.
- Cé go mbíonn mná ag obair lasmuigh den bhaile, is iad a dhéanann formhór na hoibre sa bhaile freisin: mar shampla, bíonn siad ag tabhairt aire do leanaí agus do bhaill eile an teaghlaigh, ag cócaireacht agus ag déanamh obair eile tí.
- Obair thalmhaíochta a bhíonn ar siúl ag leath de na mná agus de na fir san Afraic fho-Shahárach agus i nDeisceart na hÁise. Tá an chuid is mó de na hoibrithe sin i bhfostaíocht neamhchinnte agus iad ag obair dóibh féin nó do dhuine gaolmhar leo, agus tá níos mó ban ná fir ag obair i bhfostaíocht neamhchinnte.
- Is mó an seans go ndéanann cailíní ná buachaillí obair gan phá sa bhaile.
- Maidir le cúrsaí polaitíochta, tá níos lú mná ná fir sna parlaimintí náisiúnta; níl ach 17 faoin gcéad ar an meán de na poist pharlaiminte ar fud an domhain ag mná.
- Tarlaíonn foréigean in aghaidh ban ar fud an domhain agus fulaingíonn siad a lán cineálacha éagsúla foréigin, mar shampla foréigean fisiciúil, foréigean gnéis, foréigean síceolaíoch agus foréigean geilleagrach. Tarlaíonn sé sin laistigh agus lasmuigh dá dtithe.
- San Afraic fho-Shahárach, áit nach bhfuil uisce óil ag a lán daoine ina dtithe féin, bíonn ar a lán de na mná achair fhada a shiúl chun uisce a fháil. Ciallaíonn sé sin go mbíonn níos lú ama acu chun obair eile a dhéanamh.
- Tá dlíthe ann fós i roinnt tíortha a chuireann constaicí ar mhná talamh dá gcuid féin agus cineálacha eile maoine a bheith acu. In go leor áiteanna san Afraic fho-Shahárach ní bhíonn aon smacht ag mná pósta ar an gcaoi a gcaitear airgead an teaghlaigh, fiú an t-airgead tirim a thuilleann siad féin.

Foinse: The World's Women 2010: Trends and Statistics, Rannóg Staidrimh na Náisiún Aontaithe.

**http://unstats.un.org/unsd/demographic/products/Worldswomen/WW2010pub.htm**

Leathanach fótachóipe




Asha Mohammed ó Ghrúpa Ban Kivulini. Grianghraf le Cúnamh Éireann.

## Cás-staidéar: Guth a Thabhairt do Mhná sa Tansáin

Sárú ar chearta daonna is ea foréigean inscne agus cuireann sé moill ar dhul chun cinn i dtreo gach ceann de Spriocanna Forbartha na Mílaoise. Tacaíonn Éire le líonra d'eagraíochtaí sa Tansáin a oibríonn chun cosc a chur ar fhoréigean i gcoinne na mban agus dearcadh na bhfear agus na mban i leith foréigin inscne a athrú. Tá Grúpa Ban Kivulini bunaithe sa dara cathair is mó sa Tansáin, Mwanza. Tugtar oiliúint do mhná ansin maidir le cearta daonna agus leagtar béim faoi leith ar fhoréigean baile agus foghlaimíonn siad freisin faoi ghníomhaíochtaí a chabhróidh leo ioncam a thuilleamh.

Tá Asha Mohammed 35 bliain d'aois agus tá sé trí bliana ó chuaigh sí le Grúpa Ban Kivulini. Bhí sí cosúil le go leor de na mná sa ghrúpa sa mhéid is go raibh sí bocht agus gur fhulaing sí mí-úsáid chorpartha ó lámha a fir chéile. D'éirigh le Asha agus lena comhghleacaithe i ngrúpa na mban gnóthas déanta iógairt a bhunú agus cé go raibh sé beag bhí rath air. Roinneann na baill an brabús eatarthu gach mí agus tá ioncam teaghlaigh Asha méadaithe go mór ó chuaigh sí isteach sa chomharchumann.

Siúinéir is ea fear céile Asha agus ní raibh sé sásta ar dtús go raibh sí páirteach i ngrúpa na mban. Próiseas fadtéarmach is ea athrú a dhéanamh ar dhearcthaí daoine maidir le comhionannas inscne agus foréigean inscne ach is féidir é a dhéanamh. Dúirt Asha go raibh a fear céile cosúil le go leor fir sa phobal a cheap go raibh an ghrúpa "ag iarraidh ár mná a athrú". Déanann an grúpa iarracht na tuairimí sin a athrú trí na fir a spreagadh chun páirt a ghlacadh san obair. Is bealach maith iad díospóireachtaí pobail le cabhrú leo comhionannas inscne a thuiscint. Spreagann an t-airgead breise a bhíonn ag an teaghlach na fir chun tacú leis an tionscnamh.

San am atá thart ba é fear céile Asha a dhéanadh gach cinneadh faoi conas airgead an teaghlaigh a chaitheamh. Anois déanann sí féin agus a fear céile na cinntí le chéile agus tá cinneadh déanta acu an t-ioncam breise a chaitheamh ar oideachas a leanaí. Tá páirt i bhfad níos gníomhaí ag fear céile Asha maidir le saincheisteanna teaghlaigh anois agus tá páirt níos mó á glacadh aige sa phobal áitiúil. Rud níos tábhachtaí fós, tá sé tar éis éirí as foréigean in aghaidh Asha agus tá sé ag iarraidh a chur ina luí ar a chairde i measc an phobail gur chóir dóibh éirí as an bhforéigean freisin.

Tá tairbhe bainte ag Asha as an oiliúint a fuair sí mar bhall de ghrúpa na mban agus tá oiliúint á cur aici anois ar bhaill nua de ghrúpaí eile faoi conas gnóthaí beaga a reáchtáil agus conas déileáil le foréigean inscne. Measann Asha go bhfuil fás tagtha ar an mhuinín atá aici aisti féin. Deir sí gurb é an buntáiste is tábhachtaí a bhain sí as a bheith páirteach i nGrúpa Ban Kivulini ná an t-aitheantas agus an meas a thugann an pobal áitiúil di.

Leathanach fótachóipe

## Rólchártaí

**David: Uganda, Oirthear na hAfraice**
Tá tú trí bliana déag d'aois agus is as sráidbhaile tuaithe i dTuaisceart Uganda duit. D'fhuadaigh ceannaircigh tú nuair a bhí tú deich mbliana d'aois. Coinníodh mar chime tú agus oileadh tú le bheith i do shaighdiúir. Throid tú ar feadh trí bliana. Chonaic tú gníomhartha millteacha foréigin agus ghlac tú páirt iontu. Tá deireadh leis an troid anois agus tá cónaí ort i lárionad le haghaidh iar-shaighdiúirí linbh. Tá oiliúint á fáil agat mar mheicneoir agus tá tú ag súil nach fada go mbuailfidh tú le do theaghlach arís.

**Linh: Vítneam**
Is bean óg tú atá ag obair i monarcha ina ndéantar éadaí lena ndíol san Eoraip. Tá an-éileamh ar éadaí saora agus bíonn tú an-ghnóthach gach lá. Toisc go n-íoctar tú in aghaidh na míre agus nach bhfaigheann tú pá cóir, ní mór duit a bheith ag obair go han-tapa nó ní bhfaighidh tú dóthain le do theaghlach a chothú. Bhíonn tú ag obair uaireanta an-fhada go deo agus ní féidir leat sosanna a ghlacadh. Ba mhaith leat gearán a dhéanamh chun dálaí oibre níos fearr a fháil ach tá eagla ort go gcaillfidh tú do phost má deir tú aon rud.

**Esther: Nicearagua**
Tá tú ocht mbliana déag d'aois agus ag iompar do dhara linbh. Tá tú i do chónaí faoi láthair i ndídean i gcomhair ban i Managua. Cúpla mí ó shin theith tú ó theach an teaghlaigh chun éalú ón ngreadadh a bhíodh á thabhairt duit ag d'fhear céile. Tugtar aire mhaith duit sa dídean agus tá tú i do bhall de ghrúpa ban ansin áit a bhfuil tú ag foghlaim faoi chearta an duine agus bíonn foréigean baile á phlé agaibh. Féadfaidh tú a bheith páirteach trí bhíthin an ghrúpa i gclár oideachais do mhná agus i ngnóthais bheaga áit a gheofá cabhair ag díol saothar ceardaíochta ag margadh an chomharchumainn áitiúil. Tabharfaidh baill eile an ghrúpa aire dod' leanaí fad is atá tú ag foghlaim agus ag obair. Measann tú go bhféadfadh sé seo a bheith mar thosach nua duit féin agus dod' leanaí.

**Maluba: An tSaimbia, Deisceart na Afraice**
Is máthair tú agus tá ceathrar leanaí agat. Cailleadh d'fhear céile agus d'iníon de thoradh VEID/SEIF. Tusa atá ag reáchtáil an teaghlaigh anois. Tá sé deacair obair feirme a dhéanamh mar gheall ar thriomach a bhí ann le déanaí. Tá páirt glactha agat agus ag mná eile i do shráidbhaile agus sa cheantar máguaird i ngrúpa ban áitiúil. Tá cúrsaí aimsire ag cur as dóibh siúd freisin. Gaoil leat cuid acu. Foghlaimíonn sibh a lán óna chéile sa ghrúpa: scileanna lámhcheardaíochta (m.sh. ciseáin, agus mataí a dhéanamh), fuáil agus scileanna talmhaíochta amhail glasraí a fhás. Roinntear faisnéis faoi phraghsanna margaidh agus faoi shaincheisteanna eile ag na cruinnithe freisin. Tá roinnt smaointe nua forbartha agaibh chun ioncam a thuilleamh agus is cabhair mhór é sin go háirithe ó tá cúrsaí feirmeoireachta achrannach. Ní raibh fir an phobail sásta leis an scéal ar dtús ach anois tacaíonn siad libh mar is féidir leo na buntáistí a fheiceáil a bhaineann le grúpa ban a bheith ann.

Leathanach fótachóipe

### Durgawati: An India

Is cailín ceithre bliana déag d'aois thú. Oibríonn tú ag sníomh sáirí: tá tú á dhéanamh seo ó bhí tú ocht mbliana d'aois. Oibríonn tú ar feadh dhá uair déag an chloig gach lá, seacht lá na seachtaine. Bíonn lá saor agat gach mí. Nuair a fuair do mháthair bás d'fhág d'athair tú le do sheanmháthair. Bhí géarghá aici le hairgead a fháil agus ghlac sí suim bheag airgid ó dhuine a raibh seol aige agus bhí deireadh le do shaoirse feasta. Tá tú i d'oibrí faoi bhanna nó i do sclábhaí fiachais rud a chiallaíonn nach féidir leat imeacht go dtí go mbeidh an fiach aisíoctha. Ní thuilleann tú ach cúpla cent in aghaidh an lae agus ciallaíonn sé sin go dtógfaidh sé i bhfad.

### Marcelia: Mósaimbíc

Is cailín trí bliana déag d'aois thú. Éiríonn tú ar a 5 gach maidin le cabhrú chun cúraimí tí a dhéanamh, amhail uisce a tharraingt nó adhmad tine a bhailiú. I gcaitheamh na seachtaine téann tú ar scoil nuair a bhíonn na gnóthaí sin críochnaithe agat. Níor éirigh le do dheirfiúr is sine cúrsa na scoile a chríochnú ach tá súil agat go n-éireoidh leatsa. Tá an rialtas tar éis deireadh a chur le táillí scoile agus tá téacsleabhair saor in aisce á gcur ar fáil acu, rud a chabhróidh go mór le do theaghlach. Tá thart ar daichead dalta i do rang, líon atá níos lú ná mar atá sna ranganna i leibhéal íseal na bunscoile. Bíonn tuilleadh obair tí le déanamh agat i ndiaidh na scoile agus mar sin bíonn lá fada oibre agat. Is maith leat an scoil agus ba mhaith leat a bheith i do mhúinteoir nuair a bheidh tú mór.

### Abdul: An Phacastáin

Is buachaill cúig bliana déag d'aois thú. Caitheann do thuismitheoirí uaireanta fada ag obair i dtionscal na mianadóireachta. Is féidir leat féin agus le do dheartháireacha agus do dheirfiúracha dul ar scoil dá bharr sin. Cabhraíonn tú chun an obair tí a dhéanamh sula dtéann tú ar scoil ach déanann do dheirfiúracha níos mó oibre. Uaireanta imríonn tú cruicéid le do chairde sa tráthnóna. Measann tú go bhfuil an t-ádh leat toisc go mbíonn ar chuid de dhaltaí eile na scoile a bheith ag obair roimh dhul ar scoil agus agus tar éis filleadh abhaile.

### John: Luimneach, Éire

Tá tú san Idirbhliain. Tá sé ar intinn agat an Ardteist a dhéanamh agus tá súil agat dul ar aghaidh go dtí an ollscoil má éiríonn leat. Tá do theaghlach ag tacú go mór leat agus is mian leo go ndíreofá ar do chuid oideachais.  Níl aon phost páirtaimseartha agat mar measann siad nach bhféadfá an dá thrá a fhreastal. Ina áit sin, tugann siad airgead póca duit. Imríonn tú rugbaí agus bíonn tú ag traenáil go rialta agus baineann tú taitneamh as bheith i gcomhluadar do chairde.

### Katie: Corcaigh, Éire

Is máthair óg shingil thú, sna fichidí luatha. Tá tú ag maireachtáil faoi láthair le do thuismitheoirí a thugann aire don leanbh fad is atá tú ag críochnú cúrsa páirtaimseartha. Bíonn tú ag obair go páirtaimseartha freisin le cabhrú chun íoc as costais an tí. Tá an-áthas ort go dtugann do thuismitheoirí tacaíocht duit. Bíonn tú ag staidéar go dian chun go n-éireoidh go maith leat sa chúrsa seo óir measann tú go mbeidh saol níos fearr agat féin agus ag do mhac dá bharr. Mar sin féin, ba mhaith leat dá bhféadfá beagán níos mó ama a chaitheamh leis agus ba mhaith leat dul amach le do chairde freisin.

### Hawo: An tSomáil

Is máthair thú agus tá ceathrar leanaí agat. Maraíodh d'fhear céile in ionsaí a rinne mílíste ar do shráidbhaile. Chaill tú do theach agus do shlí bheatha agus bhí ort teitheadh le do leanaí trasna na teorann isteach sa Chéinia. Ó 2007 i leith tá tú féin agus na leanaí ag cur fúibh i gcampa do dhídeanaithe. Codlaíonn sibh i bpuball agus tá ganntanas bia san áit anois. Ní dóigh leat go bhfuil tú sábháilte anseo mar is áit an-dainséarach í do bhean atá ina haonar. Ní féidir leat an campa a fhágáil ar eagla go n-ionsófaí thú. Tá imní ort faoina bhfuil i ndán duit féin agus do na leanaí.

Leathanach fótachóipe

## Ráitis

- Bíonn go leor le hithe agus le hól agam gach lá
- Tá cúrsa meánscoile críochnaithe agam nó is cosúil go gcríochnóidh mé mo chuid oideachais
- Íoctar pá cóir liom as an obair a dhéanaim
- Tá cead mo chinn agam mo thuairimí a nochtadh
- Bíonn tionchar agam ar na cinntí a théann i gcion orm
- Is féidir liom a bheith rannpháirteach sa phobal áitiúil
- Is féidir liom mé féin a ghléasadh cibé bealach is mian liom
- Is féidir liom déanamh mar is mian liom féin gan daoine a bheith ag tabhairt breithiúnais orm
- Is féidir liom cabhair a fháil ó dhochtúir nó dul go hospidéal má táim tinn
- D'fhéadfainn dul go dtí an ollscoil
- Is mise atá i gceannas ar mo shaol
- Bíonn am fóillíochta agus caitheamh aimsire agam
- Is féidir liom cabhair a fháil ó dhaoine eile nuair is gá
- Is féidir liom cibé duine a roghnóidh mé a phósadh
- Tá mé i mo chónaí i dtimpeallacht shlán shíochánta
- Táim ag súil go mór leis an saol atá romham

# Faisnéis chúlra don mhúinteoir

## Cén fáth a bhfuil cúrsaí inscne tábhachtach ó thaobh na forbartha de?

In ainneoin go ndearnadh roinnt dul chun cinn le fiche bliain anuas, tá neamh-chomhionannas inscne ina dhúshlán lárnach i gcónaí. Ní féidir forbairt daonna ná gheilleagrach a bheith ann má chuirtear srianta ar chodanna móra den daonra maidir leis na deiseanna a bheidh acu agus na roghanna a dhéanfaidh siad maidir leis an acmhainn atá iontu a chomhlíonadh. Is mná iad dhá thrian de dhaoine bochta an domhain. Cé gur mná tuaithe atá freagrach as cuid mhaith den bhia a tháirgtear sna tíortha i mbéal forbartha, níl ach cumhacht theoranta acu i leith na talún agus i leith acmhainní riachtanacha eile.[1] Cuireann bochtaineacht le neamh-chomhionannas inscne agus tá sí ar cheann de na príomhrudaí a choinníonn sé sin buan. Is iad mná agus cailíní a íocann go díreach as an neamh-chomhionannas sin agus ar an ábhar sin ní ionann an chaoi a bhfulaingíonn fir agus mná de bharr bochtaineachta – is minic a fhulaingíonn mná ar bhealach níos déine agus níos forleithne. Téann an difríocht chumhachta sin i gcion ar cháilíocht beatha na sochaí ina hiomláine.

Ní mór comhionannas inscne a bheith ag croílár na n-iarrachtaí chun Spriocanna Forbartha na Mílaoise a bhaint amach. Cé go bhfuil an pobal idirnáisiúnta tiomanta go sonrach trí bhíthin Sprioc Forbartha na Mílaoise 3 do “chomhionannas inscne a chur chun cinn agus cumhacht a thabhairt do mhná”, tá tionchar ag an tsaincheist sin ar bhaint amach gach ceann de na hocht Sprioc.

## Cad iad na príomhfhadhbanna atá i gceist?

Obair mhall a bhí sna hiarrachtaí a rinneadh chun cearta comhionanna a fháil do mhná. Ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe in 1979 le Coinbhinsiún maidir le gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh Ban a Dhíothú (CEDAW). Bhí liosta sa Choinbhinsiún de na réimsí iomadúla ina ndéantar leithcheal ar mhná. Chomh luath is a bhíonn sé sínithe agus daingnithe ag tíortha, bíonn na tíortha sin tiomnaithe a ndlíthe a athrú agus beartais náisiúnta inscne a fhorbairt agus forais a chur ar fáil lena gcur i bhfeidhm. Mar sin féin, cé go bhfuil an Coinbhinsiún daingnithe ag beagnach gach tír, tá forchoimeádas curtha i bhfeidhm ag a lán tíortha, rud a chiallaíonn go bhfuil siad díolmhaithe ó chodanna de.

Rinne Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe comhaontú in 2010 go mbeadh eintiteas nua um Chomhionannas Inscne agus um Chumhachtú na mBan ann: **Mná na NA**, agus cuirtear buiséad ar fáil dó d’fhonn cabhrú leis dul i ngleic le saincheisteanna amhail idirdhealú, oideachas, bochtaineacht, coimhlint, foréigean inscne, sláinte agus rannpháirtíocht.

**Idirdhealú:** Nuair a bhí cearta ban á gcur chun cinn b’éigean dul i ngleic le tuairimí, ar raibh bunús láidir cultúrtha agus stairiúil leo, gurb é an teaghlach an áit cheart do mhná agus gurb iad na fir amháin ar chóir cearta maoine a bheith acu. Is é an toradh a bhíonn ar idirdhealú ná go séantar comhionannas ar mhná trí shrianta a chur orthu maidir le hoideachas agus post maith a fháil, agus is dhá phríomhghné iad sin ó thaobh stádais gheilleagraigh de.

Tá dul chun cinn réasúnta maith déanta maidir le deireadh a chur le hidirdhealú in aghaidh ban in go leor tíortha tionsclaithe. Sa chaoi cheanna, i roinnt mhaith tíortha san Afraic fho-Shahárach tá seandlíthe á n-athrú le cur ar chumas ban talamh agus maoin a choinneáil ina seilbh.

**Oideachas agus bochtaineacht**: Ní féidir béim róláidir a leagadh ar a thábhachtaí is atá oideachas ó thaobh cumhacht a thabhairt do mhná chun neamh-chomhionannas a shárú. Is lú an seans go bpósfaidh cailíní a bhfuil oideachas orthu ag aois an-óg. Is mó an seans go bhfaighidh siad obair le pá, go mbeidh siad níos inniúla mar mháithreacha agus go mbeidh siad níos gníomhaí ina bpobail féin.

Mar sin féin, ní féidir le cailíní oideachas bunscoile ná meánscoile a fháil in go leor de na tíortha i mbéal forbartha. Saol crua oibre gan pá a bhíonn ag go leor de na mná sna tíortha sin agus iad ag obair mar fheirmeoirí beaga agus ag tabhairt aire dá dteaghlach. Nuair a bhíonn fostaíocht le pá ag mná is iondúil gur róil le pá íseal a bhíonn acu nó go mbíonn siad ag obair sna hearnálacha neamhfhoirmiúla agus sealadacha, agus is minic iad ag obair i dtimpeallachtaí oibre atá an-olc. Cuireann éagobhsaíocht praghsanna bia agus cúlaithe geilleagracha isteach go mór ar mhná toisc gur furasta iad a bheith fágtha ar an bhfaraor géar. Lena chois sin, tá an scéal imithe chun donais anois de bharr na géarchéime VEID agus SEIF ós rud é gur mná iad 30% de na cinn teaghlaigh san Afraic fho-Shahárach anois.[2]

**Foréigean inscne:** Sa bhliain 2008, sheol Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe Ban Ki-moon a fheachtas *UNite to End Violence Against Women* trína fhógairt ‘Ní mór

1 2009 Global Hunger Index. The Challenge of Hunger: Focus on Financial Crisis and Gender Inequality. http://www.ifpri.org/sites/default/files/publications/ghi09.pdf

2 http://www.ifad.org/gender/learning/challenges/women/60.htm Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach An Ciste Idirnáisiúnta um Fhorbairt Talmhaíochta

dúinn cur le chéile. Ní féidir cur suas le foréigean in aghaidh ban i bhfoirm ar bith, i gcomhthéacs ar bith ná i gcúinse ar bith, ag aon ceannaire polaitiúil ná ag aon rialtas.'[3] Cuireann sé seo i gcuimhne dúinn go dtarlaíonn foréigean inscne i ngach áit, cé go meastar go bhfuil na fadhbanna níos tromchúisí i dtíortha atá i mbéal forbartha. Tarlaíonn sé go minic toisc gur minice a dhéantar foréigean ar mhná le linn coimhlinte nó i gcásanna fíorbhochtaineachta. Éascaíonn idirdhealú ar fhorais chultúrtha an cleachtas de chiorrú ball giniúna ban i roinnt tíortha san Afraic agus in áiteanna eile, bíodh is go bhfuil an nós toirmiscthe i mbeagnach gach ceann de na tíortha sin ina gcleachtar fós é.

**Sláinte:** Bíonn straitéisí chun bochtaineacht a laghdú níos éifeachtúla i dtíortha bochta nuair a thagann laghdú ar fhás an daonra. Cúis mhór imní i gcónaí is ea sláinte atáirgthe ban, go háirithe i gcás na mban sin nach bhfuil rochtain acu ar an gcúram réamhbreithe agus iarbhreithe a bhfuil gá acu leis. Cé go bhfuil dul chun cinn déanta, beirtear formhór na leanaí sa domhan i mbéal forbartha gan aon chúnamh oilte, agus faigheann máithreacha bás go minic de bharr cúiseanna a d'fhéadfaí a chosc. Mar sin féin, sheol na Náisiúin Aontaithe a Straitéis Dhomhanda um Shláinte Ban agus Leanaí ag an gcruinniú mullaigh um Spriocanna Forbartha na Mílaoise in 2010 agus táthar ag súil go gcabhróidh sé sin chun go mbeidh rochtain uilíoch ar chúram sláinte.

**Rannpháirtíocht:** Tá níos mó iarrachtaí á ndéanamh le go mbeidh ionadaíocht níos mó ag mná ar gach leibhéal polaitiúil agus rialtais. Tá athruithe le feiceáil i dtíortha a raibh coinbhleachtaí iontu, mar shampla i Ruanda, áit a bhfuil an ionadaíocht is airde ar domhan ag mná sa pharlaimint agus breis agus 50% de na suíocháin acu. Tríd is tríd, áfach, ní cúis dóchais é nach raibh ach 11 bhean i measc na 192 ceannaire rialtais in 2010.[4]

## Cén freagra atá á thabhairt ag Éirinn ar na ceisteanna sin?

Is saincheisteanna tosaíochta iad cúrsaí inscne i ngach réimse oibre de chuid Chúnamh Éireann. Tá comhionannas inscne ina ghné riachtanach, lárnach d'aon straitéis chun an bhochtaineacht a laghdú. Tá réimse gealltanas idirnáisiúnta mar bhonn taca faoi ghealltanas na hÉireann maidir le comhionannas inscne, lena n-áirítear an CEDAW (daingnithe ag Éirinn in 1985) agus an Clár Oibre Gníomhaíochta a comhaontaíodh ag Ceathrú Comhdháil Dhomhanda na Náisiún Aontaithe faoi Mhná in 1995.

Déanann Éire gníomhartha sonracha trí bhíthin Chúnamh Éireann chun feabhas a chur ar staid agus ar stádas na mban: tacaíonn sí le rialtais chomhpháirtíochta agus le heagraíochtaí ban i dtíortha comhpháirtíochta lena chinntiú go gcoinneofar riachtanais agus leasa na mban ar an gclár oibre um fhorbairt agus cearta daonna. Cuirtear cumasú geilleagrach ban chun cinn lenár gcomhpháirtithe, chomh maith le rochtain níos fearr ar oideachas ardchaighdeáin do bhuachaillí agus do chailíní agus cláir sláinte phobalbhunaithe a chuireann ar chumas na mban seirbhísí sláinte atáirgthe agus eile a rochtain. Ina theannta sin tugtar tús áite do dhul i ngleic le foréigean inscne, faoi mar atá le feiceáil sa chás-staidéar ón Tansáin.

## Guth a Thabhairt do Mhná sa Tansáin: tuilleadh faisnéise.

Tá an Tansáin ar cheann de na tíortha is mó in Oirthear na hAfraice, agus tá sí breis agus deich n-uaire níos mó ná Éire. Tharla fás geilleagrach láidir sa Tansáin ó 2000 i leith, agus tháinig méaduithe bliantúla ar an OTI, idir 5% agus 7%, gach bliain acu. Tá sí tar éis dul chun cinn maith a dhéanamh i dtreo Spriocanna Forbartha na Mílaoise a bhaint amach, go háirithe maidir le cúrsaí oideachais, laghdú a dhéanamh ar mhortlaíocht naíonán agus leanaí faoi bhun cúig bliana d'aois agus ar leitheadúlacht VEID agus maidir le hinbhuanaitheacht an chomhshaoil. Chuaigh cobhsaíocht na tíre chun tairbhe na Tansáine, agus d'éirigh léi cuid mhór de na coinbhleachtaí a sheachaint a tharraing tubaistí anuas ar stáit eile san Afraic, agus tá ag éirí léi deontóirí agus infheisteoirí a mhealladh chuici.

Mar sin féin, tá an Tansáin ar cheann de na tíortha is boichte ar domhan agus tá ioncaim na ndaoine ar na cinn is ísle san Afraic. Tá an t-ionchas saoil íseal fós ag 57 bliana d'aois agus tá leibhéil arda bochtaineachta ann i gcónaí, go háirithe i gceantair tuaithe, áit a bhfuil 80% den daonra ina gcónaí.[5] Bhí níos mó ná 1 mhilliún duine fásta ionfhabhtaithe le VEID sa tír ag deireadh 2005. Tá an geilleagar ag brath go mór ar thalmhaíocht. Is uaithi sin a thagann cuid mhaith den OTI agus an chuid is mó de na honnmhairí, agus is inti a oibríonn an chuid is mó den fhórsa oibre. Mar sin féin, de bharr cúrsaí aeráide agus topagrafaíochta ní féidir ach thart ar 4% den talamh a shaothrú chun barra a fháil. Is foinse thábhachtach ioncaim sa Tansáin í an turasóireacht, a bhaineann leas as rudaí sa tír ar díol spéise do thurasóirí iad.[6]

3 Tá sé le fáil ag: http://www.un.org/en/women/endviolence/

4 Féach an seoladh seo a leanas chun tuilleadh faisnéise a fháil ar shaincheisteanna inscne http://uk.oneworld.net/guides/gender

5 UNDP Human Development Report 2010 (Samhain 2010)

6 Féach suíomh Gréasáin Chlár Forbartha na NA sa Tansáin: http://www.tz.undp.org/ agus suíomh Gréasáin an Bhainc Dhomhanda sa Tansáin: http://web.worldbank.org/WBSITE/EXTERNAL/COUNTRIES/AFRICAEXT/TANZANIAEXTN/0,,hlPK:261262~menuPK:258804~pagePK:141159~piPK:141110~theSitePK:258799,00.html)

Tá foréigean teaghlaigh forleathan sa Tansáin. Fuarthas amach i Suirbhé Déimeagrafaíochta agus Sláinte sa Tansáin (2004/05) gur aontaigh 60% de mhná go raibh cúis amháin nó níos mó ann a thabharfadh an ceart dá fear céile léasadh a thabhairt di. Tá sá riachtanach tacú le hiarrachtaí le cur ar chumas ban páirt a ghlacadh ar bhonn níos cothroime i gcinnteoireacht pholaitiúil agus gheilleagrach má táthar chun dul i ngleic le hidirdhealú agus le foréigean. Lena chois sin, tá baol mór VEID ag baint le foréigean inscne.

Nuair a chuirtear fheabhas ar chomhionannas inscne, tugtar an chumhacht do mhná a gcearta a lorg agus páirt níos éifeachtaí a bheith acu i laghdú na bochtaineachta ina hiomláine. Léiríonn scéal Asha agus a clann é sin. Tá an bhéim a leagtar ar chomhionannas inscne le sonrú sa tacaíocht a thugtar do réimsí tábhachtacha eile sa Tansáin amhail sláinte agus talmhaíocht.

### 16 lá de Ghníomhaíochas

Gach bliain, idir an 25 Samhain, Lá Idirnáisiúnta um Dheireadh a Chur le Foréigean in aghaidh Ban, agus an 1 Nollaig, Lá um Chearta an Duine, glacann daoine ar fud an domhain páirt i ngníomhaíocht chun labhairt amach i gcoinne foréigin inscne.

Bíonn téama difriúil ann gach bliain: ba é an téama a bhí ann in 2010 ná míleatachas agus foréigean inscne. Díríodh le linn an fheachtais ar fhoréigean inscne i gcomhthéacs coimhlintí, géarchéimeanna comhshaoil, agus ionsuithe rialtais ar shibhialtaigh agus ionsuithe ar mhná san arm.

Ba é a bhí i gceist leis na gníomhaíochtaí ná feasacht a spreagadh faoi fhoréigean inscne agus conas is féidir dul i ngleic leis ar a lán bealaí cruthaitheacha.

## Faigh níos mó faisnéise

**Ar na naisc úsáideacha atá ar fáil maidir le hinscne agus forbairt tá:**

- http://www.irishaid.gov.ie
  Foghlaim níos mó faoi obair Chúnamh Éireann maidir le cúrsaí inscne agus cearta ban
- www.un.org/womenwatch
  Tá míreanna faisnéise éagsúla faoi chomhionannas inscne agus faoi chumasú na mban ar an láithreán seo de chuid na Náisiún Aontaithe
- http://www.un.org/en/women/endviolence/ Foghlaim níos mó anseo faoin bhfeachtas um Dheireadh a chur le Foréigean in aghaidh Ban

**Chun níos mó acmhainní oideachais a fháil faoi cheist an fhoréigin bhaile téigh chuig:**

- http://www.womensaid.ie/training/schoolsandcolleges/onlineresources.html
- http://www.womensaid.org.uk/page.asp?section=0001000100280001&sectionTitle=E

## An raibh a fhios agat?

**Toisc an maoiniú a thug Éire in 2009 don Eagraíocht Neamhrialtasach, Women in Law and Development in Africa, bhíothas in ann an feachtas "16 Lá de Ghníomhaíochas" a reáchtáil ar fud na Tansáine.**



Teshoma Abera ina sheasamh ina pháirc sheasc, chlochach lasmuigh de shráidbhaile Bilak. Grianghraf: Panos.

# Ceacht 4: Athrú aeráide agus forbairt

## Tús na hoibre

### ÁBHAIR
- Tíreolaíocht
- Matamaitic

### PRÍOMHSCILEANNA
- Faisnéis a phróiseáil
- Smaoineamh ar bhealach criticiúil cruthaitheach

### MODHEOLAÍOCHT
- Gníomhaíocht ionsamhlúcháin

### AM
- 1 uair an chloig

### AIDHM
- Iniúchadh a dhéanamh ar athrú aeráide mar shaincheist forbartha agus ar na hiarmhairtí a bhíonn aige ar dhaoine i dtíortha i mbéal forbartha
- Iniúchadh a dhéanamh ar a phráinní is atá sé beart a ghlacadh maidir le hathrú aeráide

### CUSPÓIRÍ
Beidh sé ar chumas na ndaltaí:
- A aithint gurb iad daoine atá ina gcónaí i dtíortha atá forbartha go maith is mó is cúis le hathrú aeráide
- Déan iniúchadh ar thionchar an athraithe aeráide ar dhaoine i dtíortha i mbéal forbartha
- Déan anailís ar ghraif a thaispeánann na difríochtaí in astaíochtaí carbóin
- Aithin bealaí chun astaíochtaí carbóin a laghdú

### BEIDH AN MÉID SEO A LEANAS AG TEASTÁIL UAIT
- Blúirí greamaitheacha páipéir a bhfuil na tíortha atá liostaithe thíos scríofa amach orthu

# Cad tá le déanamh

## Réamhrá

- Croch trí leathanach A3 ar bhallaí éagsúla an tseomra ranga, ceann amháin le 'Tíortha Ardfhorbartha Daonna', ceann amháin le 'Tíortha Meánfhorbartha Daonna' agus ceann le 'Tíortha Ísealfhorbartha Daonna'.
- Tabhair nóta greamaitheach a bhfuil ainm tíre scríofa air do gach dalta. Bí cinnte de go bhfuil raon tíortha ó na trí chatagóir agat. Iarr ar na daltaí na tíortha atá acu a ghreamú ar an leathanach A3 lena mbaineann sé.
- Léigh amach na tíortha go léir ar gach leathanach agus bí cinnte go bhfuil siad roinnte i gceart.

## Forbairt an cheachta

- Inis do na daltaí go seasann siad do dhaonra an domhain. Iarr orthu bailiú timpeall na dtrí leathanach a léiríonn an chaoi a bhfuil daonra an domhain roinnte idir tíortha ardfhorbartha, meánfhorbartha agus ísealfhorbartha.
- Úsáid an tábla thíos chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil na daltaí roinnte i gceart.
- Inis do na daltaí go seasann a gcathaoireacha don dé-ocsaíd charbóin go léir a astaítear ar fud an domhain. Iarr orthu cé mhéad cathaoir bhaineann le gach catagóir tíortha.
- Úsáid an tábla thíos le deimhin a dhéanamh de go bhfuil na cathaoireacha roinnte i gceart.
- Cad a insíonn cluiche na gcathaoireacha dúinn faoi astaíochtaí carbóin ar fud an domhain?
- Iarr ar na daltaí plé a dhéanamh ar bhealaí ina n-astaítear dé-ocsaíd charbóin. An cúis iontais dóibh an méid dé-ocsaíde carbóin a astaítear sna tíortha ardfhorbartha daonna i gcomparáid le tíortha ísealfhorbartha daonna?
- Léigh an sliocht as Tuarascáil Forbartha Daonna na Náisiún Aontaithe in 2007/2008 agus as an gcás-staidéar thíos faoin Aetóip. Cén chaoi ar dhócha go rachaidh athrú aeráide i gcion ar dhaoine mar Busie?

## Dúnadh

- Iarr ar an rang plé a dhéanamh ar bhealaí is féidir leo a n-astaíochtaí carbóin a laghdú d'fhonn cabhrú le daoine mar Busie agus linne go léir.

Sliocht as Tuarascáil Forbartha Daonna na Náisiún Aontaithe in 2007/2008:
**Dul i ngleic le hAthrú Aeráide: Dlúthpháirtíocht Dhaonna i nDomhan Roinnte.**

Tá astaíochtaí ag cur leis an stór gás ceaptha teasa atá san atmaisféar agus tá an-difríocht le sonrú idir na hastaíochtaí a dhéanann tíortha éagsúla. Níl ach 15 faoin gcéad de dhaonra an domhain ag cur fúthu sna tíortha saibhre ach is iad atá freagrach as beagnach leath de na hastaíochtaí CO2... Tá lorg carbóin na Stát Aontaithe cúig uaire níos mó ná lorg na Síne agus agus breis agus 15 uaire níos mó ná lorg na hIndia. San Aetóip, is é 0.1 tonna CO2 an meánlorg carbóin per capita i gcomparáid le 20 tonna i gCeanada.

Dá mbeadh an lorg carbóin céanna ag gach duine ar domhan is atá ag daoine ar an meán sa Ghearmáin nó an Ríocht Aontaithe, bheadh na hastaíochtaí domhanda atá ann faoi láthair ceithre huaire níos airde ná an teorainn atá sainithe inár gcosán astaíochtaí inbhuanaithe, agus bheadh na hastaíochtaí sin naoi n-uaire níos airde dá mbeadh an lorg carbóin per capita sna tíortha i mbéal forbartha chomh hard le leibhéil na Stát Aontaithe nó Cheanada. Beidh sé riachtanach athruithe móra a dhéanamh chun an scéal seo a athrú... Ag baint úsáide as boinn tuisceana sochreidte, measaimid go mbeidh ar na náisiúin shaibhre laghdú 80 faoin gcéad ar a laghad a dhéanamh ar na hastaíochtaí sin agus go gcaithfidh siad laghdú 30 faoin gcéad a dhéanamh faoi 2020 má tá athrú dainséarach aeráide le seachaint.

Tá suaitheadh aeráide ag cur isteach go mór ar shaol na mbocht cheana féin. Is rudaí millteacha iad triomaigh, tuilte agus stoirmeacha dóibh siúd a fhulaingíonn dá mbarr: cuireann siad beatha daoine i mbaol agus fágann siad iad ag aireachtáil nach bhfuil siad slán. Ídíonn suaitheadh aeráide deiseanna fadtéarmacha maidir le forbairt daoine, baineann siad an bonn de tháirgiúlacht agus ídíonn siad an acmhainn a bhíonn i ndaoine. Ní féidir a rá gur athrú aeráide is cúis le haon suaitheadh aeráide faoi leith. Mar sin féin, tá athrú aeráide ag cur leis na priacail atá ag bagairt ar dhaoine bochta agus ag cur lena leochaileacht. Tá sé an-deacair cheana féin déileáil le fadhbanna agus tá athrú aeráide ag cur leis an mbrú atá ar na bealaí atá ag daoine déileáil leo agus tá daoine á sáinniú i mbíseanna anuas agus iad ag éirí níos díothaí i gcónaí.

Tá ar an gcine daonna roghanna deacra a dhéanamh de bharr an athraithe aeráide. Ní féidir linn aisiompú fhorbairt an duine sa 21ú hAois agus rioscaí tubaisteacha do na glúine atá le teacht a sheachaint, ach amháin trí rogha a dhéanamh gníomhú go práinneach.

Leathanach fótachóipe

## An Aetóip

Tá an Aetóip ar cheann de na tíortha a bhfuil na hastaíochtaí carbóin is ísle acu. D'fhulaing muintir na hAetóipe míchothú ainsealach agus triomaithe a bhí ag teacht níos minice agus níos minice sa chaoi go raibh géarchéimeanna daonnúla acu arís agus arís eile ó na 1980í i leith. Fiú amháin sna blianta 'normálta' faoi mar a thugtar orthu, nuair nach mbíonn aon triomach ann, bíonn breis agus seacht milliún duine i mbaol ganntanas bia. D'fhonn cabhrú leis na daoine agus a leochaileacht ó thaobh na 'mbearnaí bia' a laghdú, tá 'Clár Sábháilteachta Líonta Táirgiúla', tugtha isteach ar scála mór ag rialtas na hAetóipe le tacaíocht ó Chúnamh Éireann agus deontóirí idirnáisiúnta eile agus is é an rialtas a bhíonn á reáchtáil.

Scéim is ea an clár sin trína dtugtar airgead tirim (nó i roinnt cásanna bia) do na rannpháirtithe mar mhalairt ar pháirt a ghlacadh i dtionscadail oibreacha poiblí, lena n-áirítear tógáil bóithre agus scoileanna agus talamh díghrádaithe a athshlánú. Tá sé d'aidhm ag an gclár feabhas a chur ar tháirgeacht talmhaíochta sna blianta amach romhainn trí thailte a athshlánú agus cur le slándáil bia ar bhealach inbhuanaithe sa chaoi sin. Is féidir é seo a bhaint amach trí úsáid a bhaint as teicnící simplí ar nós tógáil léibheann cloiche ar thaobh na sléibhte. Nuair a thagann an bháisteach throm, cuireann na léibhinn moill ar shreabhadh an uisce síos le fánaí na sléibhte. Tugann sé seo seans do níos mó uisce úscadh isteach san ithir agus is féidir an maoschlár a ardú sa cheantar le himeacht ama. Cuirfidh sé sin feabhas ar uisciú agus cuirfidh sé le táirgiúlacht na talmhaíochta. Tugtar cabhair dhíreach do na daoine is leochailí, mar shampla daoine atá breoite nó scothaosta agus do mhná atá ag iompar clainne nó ag cothú leanaí ar an gcíoch.

Tá an clár seo ina shampla maith den chaoi ar féidir an timpeallacht nádúrtha a chosaint agus a fheabhsú agus tacú leis an ngeilleagar. Tá sé d'aidhm aige a chinntiú nach gcuirfear iallach ar dhaoine as a gcuid sócmhainní a dhíol le linn tréimhsí ganntanas bia, rud a chinnteodh go mbeadh sé níos deacra orthu teacht aniar a dhéanamh nuair a bheidh an ghéarchéim maolaithe. Tá scéim chomhlántach á reáchtáil ag rialtas na hAetóipe, ar a dtugtar an 'Pacáiste Teaghlaigh', agus tá sé d'aidhm aige cur le sócmhainní na ndaoine is leochailí san Aetóip trí thacú le gníomhaíochtaí a ghineann ioncam ar



Busie Hoshe ag obair ar thionscadal chun feabhas a chur ar an talamh i nDeisceart na hAetóipe. Grianghraf le Richard More O' Ferral.

nós plandaí piseánacha agus barra eile a fhás; rainseoireacht beostoic; beachaireacht; táirgeadh déiríochta; nó coinneáil éanlaith chlóis. Is é sprioc an chur chuige dhéthaobhaigh seo ná a chinntiú nach mbeidh na daoine is boichte san Aetóip chomh leochaileach i ndáil le bearnaí bia.

Ghlac Busie Hoshe, ó dhúiche Boricha i ndeisceart na hAetóipe, páirt sa chlár dhá bhliain ó shin le cabhrú léi an ceathrar leanaí atá aici a chothú. Míníonn sí an fáth a bhfuil sé chomh tábhachtach di: "Bím ag streachailt liom ag iarraidh mo bheatha a shaothrú. Ní sholáthraíonn an paiste beag talún atá againn ach oiread bia is a mhairfeadh ar feadh trí nó ceithre mhí. Théinn ag lorg oibre ó thithe eile roimhe seo, ach, ó d'éirigh m'fhear céile tinn, ní leor é sin a thuilleadh'. Bíonn Busie ag obair ar thionscadail éagsúla oibreacha poiblí i ndúiche Boricha, agus faigheann sí 8 mbirr (thart ar 60 cent) in aghaidh an lae mar íocaíocht ar a cuid oibre. Tá thart ar 100 duine ina grúpa ó shráidbhaile Koran Gogie agus is mná leath díobh. Cuireann an t-airgead a thuilleann sí ón tionscadal ar a cumas féin agus ar chumas na leanaí maireachtáil beo. Oibríonn sí go crua ach tá áthas uirthi go bhfuil ioncam rialta aici agus taitníonn sé léi a bheith ag cuidiú le feabhas a chur ar an gceantar.

Leathanach fótachóipe

## Lipéid tíre

| Ardfhorbairt dhaonna | Meánfhorbairt dhaonna | Ísealfhorbairt dhaonna |
|---|---|---|
| SAM<br>Éire<br>An Ríocht Aontaithe<br>An Fhrainc<br>Ceanada<br>An Astráil<br>An tSualainn<br>An Spáinn<br>Iosrael<br>An tSlóivéin<br>Málta<br>An tSeapáin | An Tuirc<br>An Cholóim<br>An tSín<br>An India<br>Vítneam<br>Peiriú<br>An Téalainn<br>Iamáice<br>Srí Lanca<br>Gána<br>An Úcráin<br>An Afraic Theas<br>An tSeoirsia<br>An Túinéis | An Nigéir<br>An Tansáin<br>An tSaimbia<br>Mósaimbíc<br>Ruanda<br>An Aetóip<br>An Mhaláiv<br>Mailí<br>Tóga |

## Figiúirí i gcomhair rang 25 dalta

| Réigiúin na cruinne | Daoine/ Daonra | Cathaoireacha/ Astaíochtaí carbóin |
|---|---|---|
| Ard | 7 | 15 |
| Meán | 16 | 10 |
| Íseal | 2 | 0 |

Staitisticí as Tuarascáil Forbartha Daonna na Náisiún Aontaithe in 2007/2008

## Acmhainní úsáideacha eile

→ Logáil isteach ar http://hdr.undp.org/en/statistics/data/climatechange/shares/ le féachaint ar ghraf idirghníomhach a léiríonn Loirg Mhíchothroma Carbóin: Sciartha d'Astaíochtaí $CO^2$ agus Daonra

# Faisnéis chúlra don mhúinteoir

## Cad is athrú aeráide ann?

Tagraíonn athrú aeráide nó téamh domhanda do mhéadú ar theochtaí an domhain.

Tá atmaisféar an domhain mar a bheadh sciath mhór chosanta thrédhearcach ann. Ligeann sé solas na gréine isteach agus coinníonn sé an teas istigh. Feidhmíonn an t-atmaisféar sa chaoi chéanna is a fheidhmíonn an ghloine i dteach gloine. Faightear gáis cheaptha teasa, mar shampla dé-ocsaíd charbóin, go nádúrtha san atmaisféar agus coinníonn siad teas na gréine anseo. Murach an t-atmaisféar d'fhrithchaithfí teas na gréine ó dhromchla an domhain amach sa spás, reofaí an domhan agus ní fhéadfadh aon rud maireachtáil anseo. I ndiaidh na Réabhlóide Tionsclaíche thosaigh daoine ag táirgeadh gás ceaptha teasa ar ráta atá ag méadú i gcónaí. Tá sé seo ag tarlú go príomha toisc breoslaí iontaise amhail ola, gual agus gás a bheith á ndó agus dé-ocsaíd charbóin a bheith á scaoileadh amach san atmaisféar. Is é tiúchan méadaithe na ngás ceaptha teasa san atmaisféar is cúis le téamh domhanda.

Ar na rudaí eile a chuireann le méadú na n-astaíochtaí gáis cheaptha teasa tá athruithe san úsáid talún lena n-áirítear dífhoraoisiú, go háirithe gearradh agus dó foraoisí, réiteach talún agus cleachtais talmhaíochta, mar shampla pórú eallaigh, saothrú ríse agus modhanna toirchithe. Ina theannta sin ionsuíonn crainn agus plandaí CO2 agus táirgeann siad ocsaigin; dá bhrí sin feidhmíonn fásra nádúrtha, go háirithe foraoiseacha, mar stórais carbóin nó 'linnte' CO2. De réir mar a ghearrtar foraoisí an domhain chun talamh a fháil le haghaidh talmhaíochta agus chun adhmad a fháil mar bhreosla agus mar ábhar tógála agus chun páipéar a dhéanamh, cailltear na stórais carbóin dé-ocsaíde sin agus scaoiltear tuilleadh dé-ocsaíde carbóin amach san atmaisféar.

Measann eolaithe go dtiocfaidh méadú 3° C ar theocht an domhain roimh dheireadh na haoise seo de bharr thiúchan breise na ngás ceaptha teasa sin san atmaisféar. Tá an an t-ardú teasa le feiceáil cheana féin: Tá oighearshruthanna san Eilvéis agus ar Shliabh Kilimanjaro sa Tansáin ag leá; tá triomach ag éirí níos coitianta san Saiheil agus i ndeisceart na hAfraice; tá daoine ag fáil báis san Eoraip de bharr tonnta teasa, tá spéirlingí agus stoirmeacha trópaiceacha ag eirí níos minice agus bíonn siad níos déine agus tá báisteach trom agus tuilte ag bagairt ar chodanna den domhan ón nGearmáin go dtí an Bhanglaidéis.[1]

## Astaíochtaí

Ní hiad na tíortha i mbéal forbartha is mó a astaíonn gáis cheaptha teasa agus mar sin ní hiad príomhchúis na faidhbe. Mar sin féin, is iad is mó atá i mbaol. Is iad na tíortha forbartha na hastaírí móra mar is léir ó na graif seo a leanas. Astaímid níos mó ná 10 dtona C02 per capita in aghaidh na bliana anseo in Éirinn.[2]

1 An Coimisiún Eorpach, *Climate Change - What is it all about? An introduction for young people.* lgh. 14-15, an Bheilg, 2009.

2 Bunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda


## Tíortha a raibh níos lú ná 0.5 tona per capita acu in 2007

Foinse: Bunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda 2011




## Astaíochtaí $CO_2$ (tonaí méadracha per capita) 2007


Foinse: Bunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda 2011




**Táirgeann Ceanada agus SAM araon breis agus 36 tona $CO_2$ per capita.**

## Na 10 n-astaíocht $CO_2$ is airde (tonaí méadracha per capita) in 2007

Foinse: Bunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda 2011




**Táirgeann 41 tír níos lú ná 0.5 tona $CO_2$ per capita.**

## Freagra domhanda ar athrú aeráide

Fadhb dhomhanda is ea athrú aeráide agus tá freagra domhanda ag teastáil chun déileáil leis. Cé gurb iad na tíortha forbartha astaírí móra na ngás ceaptha teasa, is iad na tíortha i mbéal forbartha is mó atá i mbaol ó na hathruithe atá ag teacht ar phatrúin na haimsire. Earnáil amháin atá i mbaol mór de bharr athruithe aeráide is ea an talmhaíocht san Afraic. Ciallaíonn sé sin go mbeidh an táirgeadh bia go mór i mbaol de bharr athraitheacht agus athrú na haeráide. De réir Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide meastar go bhféadfadh laghdú suas le 50% teacht ar tháirgiúlacht talmhaíochta in 2020 sna tíortha sin atá ag brath ar bháisteach chun barra a fháil. Caithfear aghaidh a thabhairt ar chúiseanna agus ar iarmhairtí an athraithe aeráide sna straitéisí atá ceaptha le dul i ngleic leis.

Ní mór **straitéisí maolaithe** a chur in oiriúint chun gáis cheaptha teasa a laghdú. Ciallaíonn maolú tuilleadh athraithe aeráide a sheachaint trí astaíochtaí gáis cheaptha teasa a **laghdú**. Is iad na tíortha forbartha amhail an Eoraip, na Stáit Aontaithe, an Astráil, an tSín, an India agus Aontas na nEimíríochtaí Arabacha, a tháirgeann an méid astaíochtaí CO2 is mó, atá freagrach go príomha as an laghdú sin a dhéanamh. I measc na straitéisí maolaithe sin tá leas níos mó a bhaint as foinsí in-athnuaite fuinnimh agus as ábhair atá neamhdhíobhálach don chomhshaol.

Is éard atá i gceist le **Straitéisí Oiriúnaithe** ná dul in oiriúint do thionchair an athraithe aeráide, is é sin le rá, nósanna maireachtála a chur in oiriúint d'athruithe atá tarlaithe nó ag teacht chun cinn. Tá sé sin níos práinní i gcás na dtíortha i mbéal forbartha ós iad is mó atá i mbaol de bharr dhrochthionchair an athraithe aeráide. Sampla amháin den sórt sin straitéise oiriúnaithe is ea léibhinn chloiche a thógáil chun cosc a chur le creimeadh ithreach, rud a luadh sa chás-staidéar maidir le Clár Sábháilteachta Líonta Táirgiúla atá sa phlean gníomhaíochta seo.

## Bealaí chun astaíochtaí carbóin a laghdú

| |
|---|
| Athchúrsáil |
| Ná fág do theilifíseán, steirió nó ríomhaire ar fuireachas |
| Bain leas as an gcóras iompair phoiblí, téigh ag rothaíocht nó ag siúl |
| Úsáid uisce i mbuidéil go spárálach – ídítear fuinneamh nuair atá uisce i mbuidéil á tháirgeadh agus á thomhailt |
| Ná fág luchtaire bataire d'fhón póca plugáilte isteach |
| Nuair is féidir é taistil ar bhus nó ar thraein seachas dul in eitleán |
| Ná beirigh ach an oiread sin uisce is gá duit nuair atá deoch the á hullmhú agat |
| Spreag do thuismitheoirí le hathrú chuig fuinneamh in-athnuaite nó chuig foinsí 'glasa' leictreachais |
| Cuir crann ag fás ar scoil nó i do ghairdín nó sa chomharsanacht |
| Tóg cithfholcadh seachas folcadh |
| Bain úsáid as timthriall tíosach nuair atá éadaí á ní agat agus croch amach ar an tuarlíne iad nuair atá an aimsir grianmhar agus te seachas iad a thriomú sa triomadóir |
| Ceannaigh táirgí a bhfuil bláth beag éicilipéad na hEorpa orthu. Ciallaíonn an lipéad sin go sásaíonn na táirgí caighdeáin dhiana chomhshaoil an AE |
| Múch na soilse nuair nach gá iad |
| Ná fág an sconna ag rith nuair atá tú ag scuabadh do chuid fiacla nó ag ní na ngréithe |
| Úsáid bolgán solais atá tíosach ar fhuinneamh[3] |

3 An Coimisiún Eorpach, *Climate Change - What is it all about? An introduction for young people.* lgh 14-15, an Bheilg, 2009.

## Faigh níos mó faisnéise

**Naisc úsáideacha iad seo maidir le hathrú aeráide agus forbairt:**

- http://hdr.undp.org/en/media/HDR_20072008_EN_Complete.pdf
  Féach ar théacs iomlán na tuarascála Human Development Report 2007/2008, *Fighting Climate Change: Human Solidarity in a Divided World, United Nations Development Programme*
- www.unfccc.int
  Tá faisnéis le fáil ar láithreán Gréasáin Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide maidir leis an gCoinbhinsiún agus faoin ngníomh domhanda ar athrú aeráide
- Féach ar láithreán Gréasáin an AE http://ec.europa.eu/europeaid/what/development-policies/intervention-areas/environment/climate_en.htm chun Plean Gníomhaíochta an AE ar Athrú Aeráide i gcomhthéacs Chomhoibriú Forbartha a léamh
- www.ipcc.ch – Féach ar an bPainéal Idir-Rialtasach ar Athrú Aeráide chun tuilleadh a léamh maidir le straitéisí maolaithe agus oiriúnaithe

## An raibh a fhios agat?

Chuidigh cúnamh na hÉireann chun tacaíocht a thabhairt do 13 mhilliún duine san Aetóip a bhí i mbaol maidir le hocras ainsealach in 2009




An t-othar saineolach Nordino Alfredo in ospidéal lae Alto Mae ag tabhairt seisiún comhairleoireachta d'othair eile. Grianghraf le Richard More O'Ferral.

# Ceacht 5: VEID agus SEIF

## Tús na hoibre

### ÁBHAIR

- Bitheolaíocht
- Reiligiún

### PRÍOMHSCILEANNA

- Faisnéis a phróiseáil
- Oibriú i gcomhar le daoine eile
- Smaoineamh ar bhealach criticiúil cruthaitheach

### MODHEOLAÍOCHT

- Cluiche fíricí agus finscéalta
- Díospóireacht i ngrúpaí beaga

### AM

- 40 nóiméad

### AIDHM

- Saincheist VEID agus SEIF a chur os comhair na ndaltaí
- Scrúdú a dhéanamh ar an tionchar atá acu ar thíortha i mbéal forbartha agus ar shaincheisteanna forbartha eile

### CUSPÓIRÍ

Beidh sé ar chumas na ndaltaí:

- Na finscéalta agus na fíricí a bhaineann le VEID agus SEIF a scrúdú
- An tionchar atá ag VEID agus SEIF orthu siúd atá ionfhabhtaithe a aithint
- Comparáid a dhéanamh idir an tionchar atá ag VEID agus SEIF in Éirinn agus i dtíortha i mbéal forbartha agus iad a chur i gcodarsnacht a chéile

### BEIDH AN MÉID SEO A LEANAS AG TEASTÁIL UAIT

- Pinn
- Páipéar

# Cad tá le déanamh

## Réamhrá

- Déan an rang a roinnt ina ghrúpaí. Léigh amach an liosta thíos de na ráitis faoi VEID agus SEIF agus iarr ar na grúpaí nóta a scríobh an dóigh leo go bhfuil siad fíor nó bréagach. Téigh tríd na freagraí cearta agus féach cén grúpa a bhfuil an líon freagraí cearta is mó acu.

## Forbairt an cheachta

- Coinnigh an rang ina ghrúpaí. Léigh an cás-staidéar ar leathanach 43.
- Tabhair tacar cártaí do gach grúpa ina léirítear na torthaí a d'fhéadfadh a beith i gceist de bharr SEIF nó VEID. Iarr ar na grúpaí machnamh a dhéanamh ar iarmhairtí eile a d'fhéadfadh a bheith ag VEID nó SEIF agus iad a scríobh síos.
- Iarr ar leath de na grúpaí duine a shamhlú ag maireachtáil in Éirinn agus VEID nó SEIF air nó uirthi. Iarr ar na grúpaí sin cártaí na n-iarmhairtí a chur in ord ag tosú leis na cinn is mó a chuirfeadh imní ar an té sin go dtí na cinn is lú a chuirfeadh as dó nó di.
- Iarr ar an leath eile de na grúpaí duine a shamhlú ag maireachtáil i dtír san Afraic agus VEID nó SEIF air nó uirthi. Iarr ar na grúpaí cártaí na n-iarmhairtí a chur in ord ag tosú leis na cinn is mó a chuirfeadh imní ar an té sin go dtí na cinn is lú a chuirfeadh as dó nó di. Iarr ar na grúpaí a insint cén ord atá curtha acu ar a gcártaí.

## Dúnadh

- Iarr ar an rang plé a dhéanamh ar na difríochtaí agus na cosúlachtaí a bhaineann le SEIF agus VEID a bheith ar dhuine in Éirinn agus san Afraic.




Maboeng Sheone ag bailiú a cuid drugaí frith-aisvíreasacha, Leosóta. Grianghraf le Daniel Rowan.

## Ráitis

1. Is féidir leat VEID a tholgadh ó ghnáth-theagmháil laethúil le duine a bhfuil VEID air nó uirthi.
2. Féadfaidh máthair a bhfuil VEID uirthi an galar a thabhairt dá leanbh nuair atá sí ag iompar clainne nó ag tabhairt na cíche.
3. Is ionann VEID agus SEIF.
4. Níl aon chógas ann is féidir a thabhairt do dhaoine a bhfuil SEIF nó VEID orthu.
5. Bíonn saol níos sláintiúla agus níos faide ag daoine sna tíortha saibhre a bhfuil SEIF nó VEID orthu ná ag daoine a bhfuil an bhail chéanna orthu i dtíortha bochta.
6. Is féidir a aithint an bhfuil VEID ar dhaoine nó nach bhfuil mar gceall ar an gcuma atá orthu.
7. Is féidir leat VEID a tholgadh trí dhuine a bhfuil VEID air nó uirthi a phógadh.
8. Tá formhór na ndaoine a bhfuil VEID orthu idir 18 agus 45 bliana d’aois.
9. Is í an Eoraip an chuid den domhan is mó a ndeachaigh VEID agus SEIF i bhfeidhm uirthi.
10. Níl baint ar bith idir VEID agus SEIF agus na rudaí a itheann tú.
11. Is iad an Rúis, Oirthear na hEorpa agus an Áise Láir na háiteanna is tapúla ar domhan a bhfuil aicíd SEIF agus VEID ag leathnú iontu.

## Freagraí

1. Bréagach
2. Fíor
3. Bréagach – víreas is ea VEID (Víreas Easpa Imdhíonachta Daonna) a dhéanann damáiste do chóras imdhíonachta an choirp. Is é SEIF (Siondróm Easpa Imdhíonachta Faighte) céim dhéanach an ionfhabhtaithe VEID nuair atá damáiste déanta don chóras imdhíonachta.
4. Bréagach – Tá drugaí ann a chuireann moill ar dhul chun cinn ionfhabhtú VEID. Cóireálacha nó drugaí frith-aisvíreasacha a thugtar orthu. Ní dhéanann siad duine a leigheas, ach is féidir leo duine a chosc ó bheith breoite ar feadh blianta fada. Is éard atá sa chóireáil ná drugaí a chaithfear a ghlacadh gach lá ar feadh an chuid eile de shaol an duine sin. Tá drugaí ann freisin a chóireálann na hionfhabhtuithe agus na siadaí a bhfuil baint acu leis an ngalar.
5. Fíor – Bíonn rochtain níos fearr ag daoine i dtíortha saibhre ar dhrugaí i gcomhair VEID agus SEIF agus ar chórais chúraim sláinte. San Afraic fho-Shahárach níl rochtain ach ag céatadán beag de na daoine a bhfuil an galar orthu ar dhrugaí VEID agus SEIF agus níl rochtain ag go leor acu ar chúram bunúsach sláinte.
6. Bréagach – b’fhéidir go dtógfadh sé deich mbliana sula mbeadh na comharthaí le sonrú.
7. Bréagach
8. Fíor
9. Bréagach – is san Afraic fho-Shahárach atá dhá thrian de na daoine a bhfuil VEID agus SEIF orthu.
10. Bréagach – Tá gach seans ann go mbeidh tionchar níos measa ag SEIF agus VEID ar dhaoine nach bhfuil cothú riachtanach á fháil acu agus lena chois sin tá sé ríthábhachtach go mbeadh cothú maith ag daoine má tá cóireáil SEIF agus VEID le dul i bhfeidhm orthu.
11. Fíor – Tá líon na ndaoine a bhfuil VEID agus SEIF orthu sa limistéar seo méadaithe beagnach faoi dhó ó 2001 i leith.

## Daoine ag maireachtáil ar bhealach dearfach agus VEID orthu i Mósaimbíc

Tá VEID ar thart ar 13% den daonra i Mósaimbíc, ráta atá ar cheann de na rátaí is airde ar domhan.[1] Lena chois sin meastar go dtarlaíonn ionfhabhtú do 500 duine breise gach lá. Mar sin féin, tá dul chun cinn suntasach déanta i Mósaimbíc chun go mbeidh daoine in ann cóireáil fhrith-aisvíreasach a fháil a chuirfidh fad lena saol. Ní leigheas é seo ar VEID ach cuireann sé moill ar fhorbairt SEIF agus cuireann sé ar chumas daoine maireachtáil níos faide agus saol níos sláintiúla a bheith acu. Ní raibh drugaí frith-aisvíreasacha le fáil i Mósaimbíc go dtí 2003 agus tá 170,000 daoine á nglacadh faoi láthair.

Tá Rosa agus a máthair Thelma, a bhfuil VEID uirthi freisin, ag teacht go hospidéal lae Chamanculo ó 2006, nuair a rinneadh diagnóisiú orthu ar dtús. Tá Chamanculo suite i Maputo, príomhchathair Mhósaimbíc, agus is é réimse speisialtóireachta an ospidéil sin cúram a thabhairt do leanaí a bhfuil VEID orthu. Tá 325 leanbh in Chamanculo faoi láthair a bhfuil cóireáil fhrith-aisvíreasach á cur orthu a chuirfidh fad lena saol. Taistealaíonn Thelma agus Rosa thart ar 4km go Chamanculo seachas freastal ar a n-ionad sláinte áitiúil óir tá faitíos orthu go go mbeadh drochmheas ag muintir na comharsanachta orthu dá mbeadh a fhios acu go raibh VEID orthu.

Nuair a fuair a fear céile amach go raibh VEID ar Thelma, thréig sé í agus Rosa. Níl an bhreoiteacht pléite i ndáiríre ag Thelma le Rosa ach tá a fhios ag Rosa go bhfuil sí tinn toisc go bhfuil uirthi cógas a ghlacadh. Is mian le Rosa a bheith ina dochtúir nuair a bheidh sí mór.



Tá Rosa Lopez 11 bhliain d'aois agus is othar VEID í ag ospidéal lae Chamanculo i Maputo. Grianghraf le Richard More O' Ferral.

Ní mór d'othair a bhfuil cóireáil fhrith-aisvíreasach á cur orthu an cógas a ghlacadh gach 12 uair an chloig go beacht. Ciallaíonn sé sin go bhfuil freagracht shuntasach ar chúramóirí atá ag tabhairt aire do leanaí óga a bhfuil VEID acu. Tugann an tseirbhís chomhairleoireachta ag ospidéal lae Chamanculo tacaíocht faoi leith do na tuismitheoirí, do bhaill teaghlaigh agus do chúramóirí eile chun na críche sin.

Tá cuid de na hothair ann oilte go maith chun seirbhísí comhairleoireachta bunúsacha a chur ar fáil. Tugann na 'hothair shaineolacha' seo comhairle agus faisnéis d'othair nua faoin gcóireáil. Téann cuid de na hothair shaineolacha sin amach i measc an phobail ag tabhairt a gcuid fianaise agus iad ag iarraidh dul i ngleic leis an smál a bhaineann le VEID agus leis an idirdhealú a dhéantar dá bharr.

1 United Nations Human Development Report 2010
The Real Wealth of Nations: Pathways to Human Development

Leathanach fótachóipe

**Iarmhairtí**

Ní mian le daoine suí in aice liom

Caithfear cóireáil fhrith-aisvíreasach a chur orm

Mothaím róthinn le dul ar scoil

Níl a fhios agam conas an scéal a insint do mo bhuachaill/ chailín

Ní dóigh liom go n-éireoidh liom bean chéile/fear céile a fháil

Leathanach fótachóipe

Ní féidir liom árachas saoil ná morgáiste a fháil

Fuair mo mháthair agus m'athair bás de bharr SEIF

Bhí múinteoirí sa scoil seo againne a fuair bás de bharr SEIF

Tá orm aire a thabhairt do mo dheartháireacha agus do mo dheirfiúracha atá níos óige ná mé

Ní bheidh mé in ann a bheith ag obair ná ioncam a thuilleamh

# Faisnéis chúlra don mhúinteoir

## Réamhrá

Ciallaíonn VEID Víreas Easpa Imdhíonachta Daonna. Ionfhabhtaíonn an víreas cealla an chóras imdhíonachta daonna agus lagaíonn sé nó díothaíonn sé a gcumas galair a throid. Má fhágtar VEID gan chóireáil is féidir leis forbairt go dtí go mbíonn riocht ar a dtugtar SEIF ar an duine, rud a sheasann do Siondróm Easpa Imdhíonachta Faighte. Is éard atá i SEIF i ndáiríre ná teaglaim comharthaí nó ionfhabhtuithe a bhaineann le heasnamh sa chóras imdhíonachta. Úsáidtear ionfhabhtuithe áirithe mar aon le leibhéal VEID sa chorp mar shlat tomhais le fáil amach an bhfuil an t-ionfhabhtú VEID imithe ar aghaidh chuig céim SEIF nó nach bhfuil. Is féidir VEID a tharchur trí chaidreamh collaí agus trí fhuilaistriú, trí shnáthaidí éillithe a roinnt agus is féidir é a tharchur ó mháthair go naíonán le linn luí seoil, toirchis, agus bheathú cíche. Ní féidir VEID a tharchur trí thadhaill le duine, trí phógadh ná trí ghréithe daoine eile a úsáid.[2]

## Cóireáil Fhrith-aisvíreasach

Ní leigheasann cóireáil fhrith-aisvíreasach VEID, ach cuireann sí ar chumas daoine a bhfuil VEID orthu saol i bhfad níos faide, níos sláintiúla agus níos táirgiúla a bheith acu. Is éard atá sa chóireáil ná drugaí a chaithfear a ghlacadh gach lá ar feadh an chuid eile de shaol an duine sin. Oibríonn an chóireáil tríd an méid VEID i gcorp an othair a choimeád ar leibhéal íseal, rud chuireann cosc ar lagú an chórais imdhíonachta agus ligeann sé dó teacht aniar ó aon damáiste a d'fhéadfadh a bheith déanta dó de bharr VEID sular tosaíodh an chóireáil. Má chuirtear deireadh leis an gcóireáil, áfach, éireoidh an víreas gníomhach arís, mar sin, ní mór don duine leanúint den chóireáil ar feadh an chuid eile dá s(h)aol.

Sna tíortha saibhre is féidir le formhór na ndaoine a bhfuil gá acu le drugaí frith-aisvíreasacha iad a fháil; níl an scéal amhlaidh in a lán de na tíortha i mbéal forbartha de bharr ardchostas na gcógas agus laige na gcóras sláinte atá acu.

## VEID agus SEIF mar shaincheisteanna forbartha

Tá VEID agus SEIF nasctha le bochtaineacht, agus baineann siad an bonn d'iarrachtaí chun bochtaineacht a dhíothú. Is é atá á dhéanamh acu i ndáiríre in go leor tíortha i mbéal forbartha ná an dul chun cinn a rinneadh le blianta a chur ar gcúl.

- Is é SEIF príomhchúis na mbásanna roimh am i measc fear agus ban idir 15 agus 59 ar fud an domhain anois, agus is iad na tinnis a bhaineann le SEIF an phríomhchúis bháis san Afraic. Tá laghdú breis agus 10 mbliana tagtha ar an ionchas saoil i roinnt de na tíortha is mó atá buailte leis.
- Tá pobail á scrios ag tionchar VEID agus SEIF. Is iad daoine fásta idir óg agus mheánaosta atá sa tréimhse is táirgiúla dá saol ó thaobh an gheilleagair de is mó atá thíos le VEID agus SEIF.
- Nuair a bhíonn tuismitheoirí breoite agus nach bhfuil siad in ann obair a dhéanamh, is minic a bhíonn ar a leanaí aire a thabhairt dóibh. Tá ar a lán leanaí fanacht sa bhaile mar chúramóirí seachas dul ar scoil.
- Feictear gurb é an t-oideachas an phríomhbhealach le dul i ngleic le VEID agus SEIF. In go leor de na tíortha atá buailte go trom ag VEID agus SEIF tá rátaí litearthachta ísle acu, rud a chinntíonn go bhfuil sé deacair feasacht a spreagadh faoin scéal. Níl a fhios ar chor ar bith ag formhór mór na ndaoine a bhfuil VEID orthu go bhfuil siad ionfhabhtaithe. Tá eagla ar go leor daoine fáil amach toisc go bhfuil imní orthu faoin bhfreagra a thabharfadh a bpobail ar an scéal. Is é oideachas an bealach is tábhachtaí le dul i ngleic leis an bpaindéim sna tíortha is boichte ar domhan agus is minic a thugtar an 'shóisialta' i gcoinne VEID air. Tá sé seo amhlaidh go háirithe i gcás cailíní. Léiríonn taighde gur lú an seans go mbeidh VEID ar chailíní a fhanann níos faide ar scoil. Is mó an seans go n-athróidh daoine a n-iompar má bhíonn rochtain níos fearr acu ar oideachas agus d'fhéadfadh sé sin an ráta ionfhabhtaithe VEID a laghdú. Mar sin féin tá SEIF ag baint an bonn den chóras oideachais trí leanaí a chosc ó dhul ar scoil, múinteoirí a chosc ó bheith ag múineadh agus scoileanna a chosc ó fheidhmiú.[3]

2 Irish Aid Factsheet 4 HIV and AIDS and Development 2008
www.irishaid.gov.ie/centre/factsheets

3 Irish Aid Factsheet 4 HIV and AIDS and Development 2008
www.irishaid.gov.ie/centre/factsheets

## Faigh níos mó faisnéise

**Ar na naisc úsáideacha faoi VEID agus SEIF tá:**

- www.irishaid.gov.ie
  Tabhair cuairt ar láithreán Gréasáin Chúnamh Éireann atá tiomanta do chúrsaí VEID agus SEIF chun tuilleadh cás-staidéir a fháil
- www.unaids.org
  Is é UNAIDS Clár na Náisiún Aontaithe maidir le VEID agus SEIF
- Is é www.stampoutstigma.ie feachtas na hÉireann atá dírithe ar dheireadh a chur le smál an ghalair

## An raibh a fhios agat?

**Bhí 170,000 duine agus VEID orthu i Mósaimbíc in 2009 a raibh cóireáil fhrith-aisvíreasacha á fáil acu i gcomparáid le 10,000 in 2003.**




Harley Chimitu, duine den 7000 ball de chomharchumann beag feirmeoirí MASFA, Dúiche Mchingi, an Mhaláiv.
Grianghraf le Daniel Rowan

# Cuid 2: Oideachas forbartha ar an toirt


Gníomhaíocht 1 – Crosfhocal 50
*Tíreolaíocht*

Gníomhaíocht 2 – Díospóireacht ghluaisteach 54
*Tíreolaíocht agus Béarla*

Gníomhaíocht 3 – Tráth na gCeist 58
*Tíreolaíocht*

Gníomhaíocht 4 – Spriocanna Forbartha na Mílaoise a Chur i Láthair 62
*Tíreolaíocht*

Gníomhaíocht 5 – Póstaeir faoi Spriocanna Forbartha na Mílaoise 64
*Ealaín*



Ionad Saorálaíochta agus Faisnéise Chúnamh Éireann. Grianghraf: Red Dog.

# Gníomhaíocht 1: Crosfhocal

## Tús na hoibre

### ÁBHAIR
- Tíreolaíocht

### MODHEOLAÍOCHT
- Taighde ar an idirlíon
- Crosfhocal

### AM
- 40 nóiméad

### AIDHM
- Obair Chúnamh Éireann a chur os comhair na ndaltaí agus cabhrú leo taithí a fháil ar láithreán Gréasáin na heagraíochta mar fhoinse faisnéise faoi fhorbairt

### CUSPÓIRÍ
Beidh sé ar chumas na ndaltaí:
- Nascleanúint a dhéanamh ar fud láithreán Gréasáin Chúnamh Éireann
- Ceisteanna a fhreagairt faoi shaincheisteanna forbartha agus faoi Chúnamh Éireann
- Crosfhocal a chomhlánú (freagraí ar leathanach 61)

### BEIDH AN MÉID SEO A LEANAS AG TEASTÁIL UAIT
- Ríomhairí a bhfuil rochtain acu ar an idirlíon
- Fótachóipeanna den chrosfhocal thíos
- Pinn

# Cad tá le déanamh

## Réamhrá

- Iarr ar an rang ransú smaointe a dhéanamh ar na bealaí a bhfuil daoine in Éirinn nasctha le daoine sna tíortha i mbéal forbartha. Cad iad na bealaí ina gcabhraíonn daoine in Éirinn le daoine i dtíortha i mbéal forbartha?
- Mínigh dóibh gurb é Cúnamh Éireann clár an rialtais um chúnamh thar lear agus go n-oibríonn an eagraíocht le dul i ngleic le bochtaineacht i dtíortha i mbéal forbartha.

## Forbairt an cheachta

- Roinn an rang ina cheithre ghrúpa.  Ba cheart go mbeadh cóip den chrosfhocal ag gach grúpa, mar aon le peann agus deis ríomhaire a úsáid a bhfuil rochtain ar an idirlíon ann. Ba cheart do gach grúpa an crosfhocal a chomhlánú ag baint úsáide as láithreán Gréasáin Chúnamh Éireann ag www.irishaid.ie. Is iad an chéad ghrúpa a dhéanfaidh é i gceart na buaiteoirí.


## Dúnadh

- Mar cheist réitigh iarr ar gach grúpa an abairt seo a chríochnú ag baint úsáide as deich bhfocal ar a mhéid: "Tá obair Chúnamh Éireann tábhachtach mar . . ."



Rosemary Kadzidtche ó chomharchumann NASFAM, an Mhaláiv. Grianghraf le Daniel Rowan.

Leathanach fótachóipe



Leathanach fótachóipe

## Trasna

7. Mura mbíonn bonneagar agus bóithre leordhóthanacha ann ní bheidh feirmeoirí in ann a gcuid barr a chur ar an margadh agus fillfidh siad ar an gcineál seo feirmeoireachta. (17)
8. Oibríonn Cúnamh Éireann chun rochtain ar _____ agus ar shláintíocht a fheabhsú, óir aithníonn siad an nasc atá idir iad sin agus sláinte agus oideachais. (5)
11. D'oscail Éire Oifig Ionadaíochta i ________ in 2000 mar chuid dá tiomantas cabhrú le muintir na Palaistíne. (8)
13. Chuir Éire cúnamh ar fáil do ghrúpaí frith-__________ san Afraic Theas. (9)
15. Príomhchathair Shiarra Leon. (8)
16. Cén cineál oideachais dá dtugann Cúnamh Éireann maoiniú in Éirinn? (8)
17. I mí na Nollag 2008, chuir Cúnamh Éireann lasta cabhrach daonnúla éigeandála chuig na daoine sa tír seo mar chuid den obair éigeandála agus téarnaimh a dhéanann siad. (7)

## Síos

1. Tá Cúnamh Éireann ina chuid den Roinn ___________ _____________ agus Trádála. (17)
2. Tugadh aghaidh ag an gcruinniú mullaigh domhanda um fhorbairt inbhuanaithe a tionóladh in 2002 in ____________ ar an ngá atá ann an comhshaol a chosaint d'fhonn a chinntiú go laghdófar bochtaineacht. (12)
3. Tír atá suite siar ón Maláiv. (10)
4. Saincheist comhshaoil a bhfuil tionchar aige ar na daoine is boichte ar domhan. (12)
5. Ceann de spriocanna uileghabhálacha Chúnamh Éireann is ea é seo a laghdú. (13)
6. Is é Tascfhórsa an Ocrais freagra Chúnamh Éireann ar an gcaoi nach bhfuil go leor le hithe ag beagán faoi bhun aon _____ de dhaonra an domhain. (3)
7. Tá ceanncheathrú Chúnamh Éireann suite anseo. (9)
9. Mná atá freagrach as 60–80% den __________ bia ar domhan. (19)
10. Is iomaí réigiún ar domhan atá i mbaol ó ghanntanas bia gach bliain, go mór san leithinis sin san Afraic Thoir a dtugtar ____ na hAfraice uirthi. (4)
12. Ceann de na galair a bhfuiltear le dul i ngleic leis faoi Spriocanna Forbartha na Mílaoise. (7)
14. An mhór-roinn ar a bhfuil formhór na hoibre a dhéanann Cúnamh Éireann dírithe. (8)



Daltaí ó Choláiste Pobail Uí Lorcáin, Baile Átha Cliath ag tabhairt cuairte ar Ionad Saorálaíochta agus Faisnéise Chúnamh Éireann. Grianghraf le Maxwells

# Gníomhaíocht 2: Díospóireacht ghluaisteach

## Tús na hoibre

### ÁBHAIR
- Tíreolaíocht
- Béarla

### MODHEOLAÍOCHT
- Díospóireacht
- Grúpobair

### AM
- 40 nóiméad

### AIDHM
- A thaispeáint cé chomh casta is atá na saincheisteanna forbartha agus na naisc atá idir ár ngníomhartha agus saol na ndaoine sa chuid sin den domhan atá i mbéal forbartha

### CUSPÓIRÍ
Beidh sé ar chumas na ndaltaí:
- Iniúchadh agus meastóireacht a dhéanamh ar na tuairimí contrártha atá ann faoi cheisteanna forbartha
- Teacht ar a dtuairimí féin faoi cheisteanna forbartha agus argóint a dhéanamh fúthu
- Páirt a ghlacadh i ndíospóireacht faoi shaincheisteanna forbartha
- Na naisc a aithint atá idir ár saol agus saol na ndaoine sna tíortha i mbéal forbartha

### BEIDH AN MÉID SEO A LEANAS AG TEASTÁIL UAIT
- Pinn
- Cóipeanna de na cártaí tráchtanna
- Clog nó stopuaireadóir

# Cad tá le déanamh

## Réamhrá

- Léigh amach na ráitis thíos.
- Iarr ar na daltaí a aontaíonn leis an ráiteas seasamh suas agus na daoine nach n-aontaíonn leis fanacht ina suí.
- Maidir le gach ráiteas comhair na daltaí atá ina seasamh agus na daltaí atá ina suí agus breac síos na huimhreacha.
- Fiafraigh de na daltaí cén fáth a n-aontaíonn siad leis an ráiteas nó nach n-aontaíonn siad leis

## Forbairt an cheachta

- Roinn na daltaí ina mbeirteanna nó ina dtriúir. Tabhair ráiteas amháin do gach dhá ghrúpa díobh, iarr ar ghrúpa amháin a bheith ar son an ráitis agus ceann eile a bheith ina aghaidh. Tabhair dóibh na cártaí tráchtanna foirne a bhaineann leo.
- Iarr ar na grúpaí na tráchtanna a mheas agus argóint a mhairfidh 3 nóiméad a ullmhú ar son nó in aghaidh na ráiteas atá acu faoi mar a tugadh dóibh iad.
- Bíodh díospóireachtaí ann faoi gach ráiteas. Iarr ar na foirne atá ar a son argóint a dhéanamh agus ar na foirne ina n-aghaidh freagra a thabhairt orthu agus ansin tabhair nóiméad amháin don chéad fhoireann freagra a thabhairt orthu.
- Iarr ar na daltaí ag deireadh na díospóireachta seasamh suas má aontaíonn siad leis an ráiteas. Comhair na daltaí atá ar son nó in aghaidh gach ráitis díobh agus déan na huimhreacha a thaifeadadh.

## Clabhsúr

- Fiafraigh de na daltaí cén fáth ar athraigh siad a n-aigne.
- Fiafraigh de na daltaí cad atá foghlamtha acu ón ngníomhaíocht maidir le forbairt agus bochtaineacht.



Mná shráidbhaile Chimundi, an Mhaláiv. Grianghraf le Concern/Cúnamh Éireann.

Leathanach fótachóipe

## Ráitis

1. Is é an bealach is fearr le cabhrú le bochtáin an domhain ná obair dheonach a dhéanamh thar lear
2. Is é an bealach is fearr chun dul i ngleic le bochtaineacht an domhain ná airgead a thabhairt
3. Cabhraíonn turasóireacht go mór le daoine i dtíortha i mbéal forbartha
4. Níor cheart dúinn cabhair a thabhairt do thír ar bith nach bhfuil córas láidir daonlathach inti
5. Ba cheart dúinn cabhrú chun deireadh a chur le saothar leanaí trí bhaghcatáil a dhéanamh ar tháirgí arna ndéanamh ag leanaí sna tíortha i mbéal forbartha

## Foireann A

**Topaic 1: Oibriú go deonach – Ar son**

- Tá scileanna de dhíth ar thíortha i mbéal forbartha a d'fhéadfadh Éireannaigh a chur ar fáil.
- B'fhéidir nach bhféadfadh tíortha atá i mbéal forbartha na scileanna sin a chur ar fáil agus bheadh siad in ann leas a bhaint as cúnamh den sórt sin.
- Nuair a dhéanaimid obair dheonach cuireann sé i gcuimhne dúinn gur saol idirspleách atá ann agus go mairimid ar scáth a chéile.

## Foireann B

**Topaic 1: Oibriú go deonach – Ina aghaidh**

- Is beag is fiú ár gcabhair mar gheall ar chonstaicí teanga agus cultúir.
- Níl obair dheonach baol ar bheith chomh húsáideach le hoiliúint a chur ar fáil do dhaoine áitiúla.
- B'fhearr go mór an leas a dhéanfá trí fhanacht sa bhaile agus dul i mbun feachtais thar cheann na dtíortha i mbéal forbartha.

## Foireann C

**Topaic 2: Cúnamh - Ar son**

- Féach ar an gcaoi ar bhain Éire tairbhe as cúnamh an AE.
- Is féidir le cabhair cur ar chumas tíre tosú ag feidhmiú i gceart.
- Is féidir daoine a shábháil ó bhás trí chúnamh a thabhairt go mór mór nuair a tharlaíonn tubaistí nádúrtha.

## Foireann D

**Topaic 2: Cúnamh – In aghaidh**

- Ba cheart don chomhphobal idirnáisiúnta a aird a dhíriú ar fhaoiseamh ó fhiachas agus ar thrádáil chóir a chur ar fáil.
- Is ar mhaithe le faoiseamh a thabhairt dá gcoinsias a thugann na tíortha saibhre cúnamh do na tíortha bochta.
- Is minic a bhíonn coinníollacha ag baint leis an gcúnamh a thugtar.

## Foireann E

**Topaic 3: Turasóireacht – Ar son**

- Foinse mhór ioncaim í an turasóireacht agus is iomaí áit iontach ar féidir dul sna tíortha i mbéal forbartha.
- Cuireann turasóireacht mórchuid fostaíochta ar fáil i dtíortha amhail an Chéinia agus an Tansáin.
- Is féidir turasóireacht a úsáid chun áiteanna áille a chaomhnú.

Leathanach fótachóipe

## Foireann F

**Topaic 3: Turasóireacht – In aghaidh**

- Ní bhaineann muintir na háite tairbhe as an turasóireacht.
- Ní le muintir na háite na hóstáin agus an bunachar turasóireachta agus is beag cearta atá ag na hoibrithe.
- Ídíonn na turasóirí na hacmhainní áitiúla agus go minic is beag an meas atá acu ar chultúr na háite.

## Foireann G

**Topaic 4: Daonlathas – Ar son**

- B'fhéidir nach rachaidh cuid den chúnamh chuig na daoine a bhfuil sé i gceist é a thabhairt dóibh.
- Ní cóir dúinn airgead a thabhairt do dhaoine a dhéanann leatrom ar chearta an duine.
- Ní féidir leis na daoine aon rud a rá nuair a fheiceann siad an t-airgead á chur amú.

## Foireann H

**Topaic 4: Daonlathas – In aghaidh**

- Is iad na tíortha atá lag ó thaobh daonlathais de is mó a bhfuil ár gcúnamh de dhíth orthu.
- Cabhraíonn an pobal idirnáisiúnta chun an cás a fheabhsú trí chabhair a sholáthar.
- Ba cheart dúinn cúnamh a úsáid chun iad a spreagadh le bheith níos daonlathaí.

## Foireann I

**Topaic 5: Baghcatáil a dhéanamh ar obair leanaí – Ar son**

- Ní bhímid óg ach uair amháin. Ní ceart go gcaithfeadh leanaí a n-óige ag obair.
- Bainimid tairbhe as a n-ainnise trí na táirgí sin a cheannach.
- Ligimid orainn nach bhfuil a fhios againn faoin scéal toisc gurb é ár leas é.

## Foireann J

**Topaic 5: Baghcatáil a dhéanamh ar obair leanaí – In aghaidh**

- Chuirfimis deireadh leis an t-aon bhealach maireachtála atá acu.
- Ní ceart an rud é baghcatáil a dhéanamh. Is féidir linn cabhrú leo ar bhealaí eile.
- Is féidir linn cabhrú le deireadh a chur le saothar leanaí trí airgead a chur ar fáil le haghaidh clár oideachais i gcomhair leanaí agus stocaireacht a dhéanamh ar son cearta oibrithe.



Ionad Saorálaíochta agus Faisnéise Chúnamh Éireann, Sráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath. Grianghraf le Denis Gilbert.

# Gníomhaíocht 3: Tráth na gCeist

## Tús na hoibre

**ÁBHAIR**

- Tíreolaíocht

**MODHEOLAÍOCHT**

- Tráth na gCeist

**AM**

- 40 nóiméad

**AIDHM**

- Forléargas a thabhairt ar na príomh-shaincheisteanna forbartha agus béim a leagan ar chuid de na príomhábhair imní ar fud an domhain

**CUSPÓIRÍ**

Beidh sé ar chumas na ndaltaí:

- A aithint cá bhfuil láithreáin an domhain suite
- Machnamh a dhéanamh ar neamh-chomhionannas inscne ar fud an domhain
- Machnamh a dhéanamh ar chuid de na príomhfhíricí forbartha
- Éagothromaíochtaí domhanda a aithint

**BEIDH AN MÉID SEO A LEANAS AG TEASTÁIL UAIT**

- Páipéar
- Pinn

# Cad tá le déanamh

## Réamhrá

- Roinn na daltaí ina gceithre fhoireann agus iarr ar gach foireann díobh smaoineamh ar thír a bhfuil baint acu léi. Iarr ar na foirne a dtír a ainmniú agus an bhaint atá acu leis an tír sin m.sh. chuaigh siad ar saoire ann, rugadh duine acu inti srl.

## Forbairt an cheachta

- Inis do na foirne gurb é ainm na tíre atá roghnaithe acu ainm na foirne agus scríobh ainmneacha na bhfoirne ar chairt scórála ar an mbord. Tosaigh tráth na gceist.
- Iarr ar gach foireann a bhfreagraí ar na gceisteanna a scríobh ar leathanach na bhfreagraí atá acu. Ag deireadh gach babhta fiafraigh díobh cad iad na freagraí atá acu sula dtugann tú an freagra ceart dóibh. Déan torthaí gach foirne díobh a thaifeadadh ag deireadh gach babhta.

## Clabhsúr

- Iarr ar gach dalta rud éigin a ainmniú a d'fhoghlaim sé nó sí ó thráth na gceist.

## Babhta a haon: Cén áit ar domhan?

1. Cén mhór-roinn ina bhfuil an Albáin, an Mhacadóin agus Montainéagró suite?
2. Cén mhór-roinn ina bhfuil an sliabh is airde ar domhan.
3. Cén mhór-roinn ina bhfuil an leibhéal is airde VEID agus SEIF ar domhan?
4. Cén mhór-roinn a bhfuil an tionchar is measa aici ar an gcomhshaol i gcoibhneas leis an daonra atá inti?
5. Cén mhór-roinn ina bhfuil Eas Angel, an t-eas is airde ar domhan?
6. Cén mhór-roinn ina bhfuil an abhainn is mó ar domhan?
7. Cén mhór-roinn ina bhfuil an méid is mó ola, guail agus gáis ar domhan?
8. Cén mhór-roinn inar éabhlóidigh daoine den chead uair?

## Babhta a dó: Balbh

Roghnaigh an fhoireann a thosóidh. Lig d'imreoir amháin den fhoireann sin an chéad fhocal de na focail thíos a fheiceáil. Caithfidh an t-imreoir sin cur síos a dhéanamh ar an bhfocal sin do bhaill eile na foirne gan an focal nó focal gaolmhar leis a rá agus gan aon athrá a dhéanamh. Tá nóiméad amháin ag an bhfoireann an focal a thomhas agus gheobhaidh siad pointe amháin má bhíonn an ceart acu. Imríonn an chéad fhoireann eile ansin. Tabhair dá fhocal do gach foireann.

1. Cothroime – ní féidir an focal cothrom a rá
2. Gorta
3. Athrú Aeráide – ní féidir na focail téamh domhanda a rá
4. Bochtaineacht – ní féidir an focal bocht a rá
5. Ceartas – ní féidir an focal ceart a rá
6. Oideachas – ní féidir an focal oiliúint ná scoil a rá
7. Na Náisiúin Aontaithe
8. Cúnamh

## Babhta a trí: Staitisticí maidir le neamh-chomhionannas inscne

Scríobh na céatadáin seo a leanas ar an gclár agus iarr ar na grúpaí an céatadán ceart a mheaitseáil le gach ceist.

1%  17%  54%  60%  60%  75%  87%

1. Cén céatadán de na daoine is boichte ar domhan ar mná iad?
2. Cén céatadán d'fheisirí parlaiminte (Teachtaí Dála) an domhain ar mná iad?
3. Cén céatadán de na leanaí sin nach bhfuil ag freastal ar scoil ar cailíní iad?
4. Cén céatadán den talamh ar le mná é
5. Sna tíortha tionsclaíocha, an Eoraip san áireamh, cén céatadán de mheántuarastal na bhfear a fhaigheann mná ar an meán?
6. Cad é an céatadán de mhná an domhain nach féidir leo iasachtaí bainc a fháil toisc obair gan phá a bheith á déanamh acu nó toisc go bhfuil jabanna neamhchinnte acu nó toisc nach féidir leo maoin a shealbhú?
7. Cad é an céatadán dá hiontógáil laethúil calraí a d'fhéadfadh bean sa Chéinia a chaitheamh ag tarraingt uisce?

## Babhta a ceathair: An domhan mar shráidbhaile

Mura mbeadh ach 100 duine ar domhan – ar bhonn na staitisticí reatha – cé mhéid den 100 sin a bheadh . . .

1. ina nÁisigh?
2. geal?
3. ag cur fúthu i dtithíocht faoi bhun an chaighdeáin?
4. gan léamh?
5. míchothaithe?
6. gan rochtain ar shláintíocht fheabhsaithe?
7. rochtain ar an idirlíon acu?
8. VEID orthu?

## Babhta a cúig: Eolas ginearálta ar fhorbairt

1. Cad dó a seasann na litreacha SGM (nó MDG i mBéarla)?
2. Ainmnigh ceann amháin de na príomhgháis cheaptha teasa.
3. Cad é an galar marfach a scaipeann muiscítí?
4. Cén roinn Rialtais atá freagrach as Cúnamh Éireann?
5. Cad dó a sheasann na litreacha NA?
6. Cén tír ar domhan atá freagrach as na hastaíochtaí is mó dé-ocsaíde carbóin i gcomparáid le méid an daonra?
7. Cad é an t-ionchas saoil in Éirinn?
8. Cad é an t-ionchas saoil ag leanbh nuabheirthe i Siarra Leon?

## Freagraí

### Babhta a haon: Cén áit ar domhan

1. An Eoraip
2. An Áise
3. An Afraic
4. Meiriceá Thuaidh
5. Meiriceá Theas
6. An Afraic
7. An Áise
8. An Afraic

### Babhta a trí: Staitisticí maidir le neamh-chomhionannas inscne

1. 60%
2. 17%
3. 54%
4. 1%
5. 60%
6. 75%
7. 87%

### Freagraí an Chrosfhocail ar leathanach 52




### Babhta a ceathair: An domhan mar shráidbhaile

1. 60
2. 18
3. 80
4. 67
5. 50
6. 39
7. 7
8. 1

### Babhta a cúig: Eolas ginearálta ar fhorbairt

1. Sprioc Forbartha na Mílaoise
2. Dé-ocsaíd charbóin
3. Maláire
4. An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
5. Na Náisiúin Aontaithe
6. Catar
7. 80.3 (ba cheart pointe a thabhairt má thugann grúpa 79, 80 nó 81 mar fhreagra)
8. 48.2 (ba cheart pointe a thabhairt má thugann grúpa 47, 48 nó 49 mar fhreagra)



Mukola Mwila ag Bunscoil Chifwani, an tSaimbia. Grianghraf le Cúnamh Éireann.

# Gníomhaíocht 4: Spriocanna Forbartha na Mílaoise a Chur i Láthair

## Tús na hoibre

**ÁBHAIR**
- Tíreolaíocht

**MODHEOLAÍOCHT**
- Grúpobair
- Samhlú

**AM**
- 30 nóiméad

**AIDHM**
- Spriocanna Forbartha na Mílaoise a chur in iúl do na ndaltaí

**CUSPÓIRÍ**

Beidh sé ar chumas na ndaltaí:
- Machnamh a dhéanamh ar fhadhbanna an domhain
- Ransú smaointe a dhéanamh faoi Spriocanna Forbartha na Mílaoise
- Taighde a dhéanamh ar Spriocanna Forbartha na Mílaoise

**BEIDH AN MÉID SEO A LEANAS AG TEASTÁIL UAIT**
- Ábhair le haghaidh ealaíne
- Rochtain ar an idirlíon

# Cad tá le déanamh

## Réamhrá

- Téigh timpeall an ranga agus iarr ar gach dalta rud éigin a lua atá riachtanach le go mbeidh sé nó sí sláintiúil, m.sh bia.
- Téigh timpeall an ranga an treo eile agus iarr ar gach dalta fadhb dhomhanda a lua, m.sh. cogadh.
- Rogha breise: iarr ar na daltaí breathnú trí na nuachtáin agus fadhbanna an domhain atá aibhsithe sna nuachtáin a lua.

## Forbairt an cheachta

- Roinn an rang ina ngrúpaí agus ceathrar i ngach grúpa. Iarr ar gach grúpa smaoineamh ar 8 rud a mheasann siad ar cheart dóibh a bheith ag gach duine ar domhan roimh 2015 agus cinneadh a dhéanamh cad iad na 3 cinn is tábhachtaí dar leo díobh sin.
- Iarr ar gach grúpa na 3 cinn is tábhachtaí dar leo a léamh amach. Scríobh amach an liosta foriomlán.

## Clabhsúr

- Léigh an téacs thíos faoi Spriocanna Forbartha na Mílaoise. An raibh aon cheann de na Spriocanna sin sna liostaí a thiomsaigh na daltaí? Fiafraigh de na daltaí an dóigh leo gurb iad sin na rudaí is tábhachtaí don domhan.

**Faigh níos mó faisnéise**

**Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi obair Chúnamh Éireann i gcomhthéacs Spriocanna Forbartha na Mílaoise téigh chuig:**

→ http://www.irishaid.gov.ie/challenges.asp

## Spriocanna Forbartha na Mílaoise

Tháinig ceannairí an domhain le chéile i Meán Fómhair 2000 ag ceanncheathrú na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac chun **Dearbhú Mílaoise na Náisiún Aontaithe** a ghlacadh. Thiomnaigh siad go mbeadh a náisiún féin mar chuid de chomhpháirtíocht nua dhomhanda chun fíorbhochtaineacht a laghdú agus leag siad amach sraith spriocanna atá le baint amach faoi 2015. Spriocanna Forbartha na Mílaoise a thugtar ar na spriocanna sin anois. Aithníonn ocht sprioc na mílaoise cuid de na cúiseanna atá le fíorbhochtaineacht ar domhan inniu agus tá siad mar bhunsraith faoi iarrachtaí an domhain bochtaineacht a laghdú. Éilíonn Spriocanna Forbartha na Mílaoise an méid seo a leanas ar an bpobal idirnáisiúnta:

1. Deireadh a chur le fíorbhochtaineacht agus ocras
2. Bunoideachas uilíoch a bhaint amach
3. Comhionannas inscne a chur chun cinn agus cumhacht a thabhairt do mhná
4. Mortlaíocht leanaí a laghdú
5. Sláinte máithreacha a fheabhsú
6. Dul i ngleic le VEID agus SEIF, maláire agus galair eile
7. Inbhuanaitheacht comhshaoil a chinntiú
8. Comhpháirtíocht forbartha domhanda a fhorbairt (a chinntiú go rachaidh trádáil, cúnamh agus faoiseamh ó fhiachas chun tairbhe daoine sna tíortha i mbéal forbartha)



Leanaí sa tSaimbia agus caidéal uisce. Grianghraf le Ruth O' Doherty

# Gníomhaíocht 5: Póstaeir faoi Spriocanna Forbartha na Mílaoise

## Tús na hoibre

### ÁBHAIR
- Ealaín

### MODHEOLAÍOCHT
- Ealaín
- Grúpobair
- Taighde ar an idirlíon

### AM
- 1 uair an chloig

### AIDHM
- Spriocanna Forbartha na Mílaoise a chur in iúl do na ndaltaí

### CUSPÓIRÍ
Beidh sé ar chumas na ndaltaí:
- Machnamh a dhéanamh ar fhadhbanna an domhain
- Ransú smaointe a dhéanamh faoi Spriocanna Forbartha na Mílaoise
- Taighde a dhéanamh ar Spriocanna Forbartha na Mílaoise
- Spriocanna Forbartha na Mílaoise a léiriú ar bhealach sofheicthe

### BEIDH AN MÉID SEO A LEANAS AG TEASTÁIL UAIT
- Ábhair le haghaidh ealaíne
- Rochtain ar an idirlíon

# Cad tá le déanamh

## Réamhrá

- Tabhair amach na cártaí. Tá réitigh ar chuid acu agus fadhbanna ar na cinn eile. Iarr ar na daltaí gach fadhb díobh a mheaitseáil le réiteach tríd an duine a fháil a bhfuil an cárta bainteach aige nó aici. Nuair a bheidh an rang go léir eagraithe ina mbeirteanna iarr ar gach dalta an fhadhb nó an réiteach atá aige nó aici a léamh amach. Mínigh dóibh gurb iad Spriocanna Forbartha na Mílaoise na réitigh agus léigh an chuid thíos faoi na Spriocanna sin.

## Forbairt an cheachta

- Tabhair Sprioc Mílaoise amháin do gach grúpa. Iarr ar gach grúpa taighde a dhéanamh ar an idirlíon faoin Sprioc Mhílaoise atá acu féin. Féadfaidh siad faisnéis a fháil ag www.irishaid.gov.ie.
- Iarr ar gach beirt póstaer a chruthú a léireoidh an tábhacht a bhaineann leis an Sprioc Mhílaoise atá acu féin.
- Iarr ar gach beirt leas a bhaint as a bpóstaer chun a Sprioc Mhílaoise a chur os comhair an ranga agus í a mhíniú dóibh.

## Dúnadh

- Iarr ar an rang a insint cén Sprioc Mhílaoise is tábhachtaí dar leo agus cén fáth.

## Spriocanna Forbartha na Mílaoise

Tháinig ceannairí an domhain le chéile i Meán Fómhair 2000 ag ceanncheathrú na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac chun **Dearbhú Mílaoise na Náisiún Aontaithe** a ghlacadh. Thiomnaigh siad go mbeadh a náisiúin féin ina gcuid de chomhpháirtíocht nua domhanda chun fíorbhochtaineacht a laghdú agus leag siad amach sraith spriocanna atá le baint amach faoi 2015. Spriocanna Forbartha na Mílaoise a thugtar ar na spriocanna sin anois. Aithníonn ocht sprioc na mílaoise cuid de na cúiseanna atá le fíorbhochtaineacht ar domhan inniu agus tá siad mar bhunsraith faoi iarrachtaí an domhain bochtaineacht a laghdú. Éilíonn Spriocanna Forbartha na Mílaoise an méid seo a leanas ar an bpobal idirnáisiúnta:

1. Deireadh a chur le fíorbhochtaineacht agus ocras
2. Bunoideachas uilíoch a bhaint amach
3. Comhionannas inscne a chur chun cinn agus cumhacht a thabhairt do mhná
4. Mortlaíocht leanaí a laghdú
5. Sláinte máithreacha a fheabhsú
6. Dul i ngleic le VEID agus SEIF, maláire agus galair eile
7. Inbhuanaitheacht an chomhshaoil a chinntiú
8. Comhpháirtíocht forbartha dhomhanda a fhorbairt (a chinntiú go rachaidh trádáil, cúnamh agus faoiseamh ó fhiachas chun tairbhe daoine sna tíortha i mbéal forbartha)

Leathanach fótachóipe

## Cártaí

### Fadhbanna

Tá SEIF agus VEID ar bhreis agus 33 milliún duine ar fud an domhain agus tá breis agus 11 mhilliún leanbh san Afraic a bhfuil tuismitheoir amháin leo nó an bheirt acu marbh de bharr SEIF.

Is mná iad dhá thrian de dhaoine bochta an domhain. Níl ach 16% de na suíocháin parlaiminte ar fud an domhain ag mná agus tuileann mná idir 20% agus 30% níos lú ná a gcomhghleacaithe fireanna.

Is sna tíortha i mbéal forbartha a tharlaíonn 97% de na básanna de thoradh tubaistí amhail triomaigh, tuillte agus stoirmeacha. Is cosúil go dtiocfaidh méadú ar thubaistí den sórt sin de bharr an athraithe aeráide.

Tá seans 200 níos mó ann go bhfaighidh bean bás ag breith clainne i gcodanna den Afraic i gcomparáid le bean in Éirinn.

Bhí astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin 28% níos airde in 2008 ná mar a bhí siad in 1990. Tá na hastaíochtaí per capita is airde sna tíortha forbartha.

Tá billiún duine ar fud an domhain ag maireachtáil ar níos lú ná $1 sa lá. Tá oibrí amháin as cúigear ar fud an domhain a bhfuil a dteaghlach ag fulaingt de bharr fíorbhochtaineachta.

Tá 70 milliún leanbh ar fud an domhain nach bhfuil ag dul ar scoil agus tá 90% díobh sin sna tíortha i mbéal forbartha.

Is féidir cóireáil iomlán ar chur ar dhaoine a bhfuil maláire orthu ach is é an galar sin a mharaíonn suas le 25% de na leanaí a fhaigheann bás sa domhan i mbéal forbartha, agus maraíonn eitinn thart ar dhá mhilliún duine gach bliain.

Fuair 8.1 milliún leanbh bás in 2009 sula raibh fiú cúig bliana slán acu.

Gheall bronntóirí go méadódh siad an chabhair a bhí á tabhairt acu do na tíortha i mbéal forbartha ach de thoradh na géarchéime geilleagraí agus fáthanna eile tá a lán bronntóirí ann nach ndearna mar a gheall siad. Meastar nach dtiocfaidh ach méadú 1% i ndáiríre in aghaidh na bliana ar chúnamh chun na hAfraice idir 2011 agus 2013.

Féach an UN Millennium Development Goals Report 2011 chun tuilleadh faisnéise a fháil

Leathanach fótachóipe

**Spriocanna**

| | |
|---|---|
| 1. Deireadh a chur le fíorbhochtaineacht agus ocras | 2. Bunoideachas uilíoch a bhaint amach |
| 3. Comhionannas inscne a chur chun cinn agus cumhacht a thabhairt do mhná | 4. Mortlaíocht leanaí a laghdú |
| 5. Sláinte máithreacha a fheabhsú | 6. Dul i ngleic le VEID agus SEIF, maláire agus galair eile |
| 7. Inbhuanaitheacht comhshaoil a chinntiú | 8. Comhpháirtíocht forbartha domhanda a fhorbairt (a chinntiú go rachaidh trádáil, cúnamh agus faoiseamh ó fhiachas chun tairbhe daoine sna tíortha i mbéal forbartha) |



Fanney Steve, 8 mbliana d'aois, agus píseanna talún aige, ó chomharchumann beag feirmeoirí MASFA, Dúiche Mchingi, an Mhaláiv. Grianghraf le Daniel Rowan



design_www.reddog.ie

www.irishaid.gov.ie

Ionad Saorálaíochta agus Faisnéise Chúnamh Éireann,
27-31 Sráid Uí Chonaill Uachtarach, Baile Átha Cliath

Ceanncheathrú Chúnamh Éireann,
Riverstone House, 23-27 Sráid Anraí, Luimneach

**t** 1890 252 676 **e** irishaid@dfa.ie **www.irishaid.gov.ie**